	2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023
<b>Construction</b>											
Brick and Stonelaying	3	20	26	52	60	81	80	56	148	72	66
Carpentry and Joinery	99	185	291	399	443	591	597	563	847	713	711
Painting and Decorating	8	11	19	27	44	30	31	24	43	23	17
Plastering	8	9	7	18	34	29	36	20	38	31	30
Plumbing	241	318	289	345	532	653	628	560	875	792	739
Stonecutting and Stonemasonry		16	13	2	8	7	3	3	9	8	2
Wood Manufacturing and Finishing	21	23	48	71	59	95	102	75	155	144	123
<b>Total</b>	<b>380</b>	<b>582</b>	<b>693</b>	<b>914</b>	<b>1,180</b>	<b>1,486</b>	<b>1,477</b>	<b>1,301</b>	<b>2,115</b>	<b>1,783</b>	<b>1,688</b>
<b>Electrical</b>											
Aircraft Mechanics	40	33	34	39	53	74	72	50	55	62	69
Electrical	522	845	956	1,343	1,705	1,841	1,949	1,740	2,748	2,648	2,837
Electrical Instrumentation	46	85	83	106	120	108	125	62	103	120	143
Electronic Security Systems	12	16	28	28	72	65	76	45	61	86	63
Instrumentation	6	10	8	10	20	17	16	11	12	13	20
Refrigeration and Air Conditioning	49	62	75	79	106	119	122	73	142	152	174
<b>Total</b>	<b>675</b>	<b>1,051</b>	<b>1,184</b>	<b>1,605</b>	<b>2,076</b>	<b>2,224</b>	<b>2,360</b>	<b>1,981</b>	<b>3,121</b>	<b>3,081</b>	<b>3,306</b>

<b>Engineering</b>											
M.A.M.F.	127	174	153	163	183	180	199	142	221	203	202
Farriery	5	4	7	5	6	9	5	0	6	8	3
Industrial Insulation	5	10	13	10	21	19	20	23	22	16	12
Metal Fabrication	145	176	198	186	224	234	266	198	340	252	259
Pipefitting				33	25	49	76	52	98	114	108
Sheet Metalworking	18	23	38	40	53	70	57	41	63	42	32
Toolmaking	81	66	62	66	65	79	61	48	52	48	58
<b>Total</b>	<b>381</b>	<b>453</b>	<b>508</b>	<b>503</b>	<b>577</b>	<b>640</b>	<b>684</b>	<b>504</b>	<b>802</b>	<b>683</b>	<b>674</b>

<b>Motor</b>											
Agricultural Mechanics	36	38	59	43	45	41	44	52	90	58	65
Construction Plant Fitting	54	56	77	59	86	71	73	63	81	73	97
Heavy Vehicle Mechanics	101	145	154	136	143	176	174	135	194	162	232
Motor Mechanics	267	325	423	420	353	380	408	310	502	431	482
Vehicle Body Repairs	27	40	47	58	46	40	51	31	50	28	44
<b>Total</b>	<b>485</b>	<b>604</b>	<b>760</b>	<b>716</b>	<b>673</b>	<b>708</b>	<b>750</b>	<b>591</b>	<b>917</b>	<b>752</b>	<b>920</b>
<b>Grand Total</b>	<b>1,929</b>	<b>2,698</b>	<b>3,153</b>	<b>3,742</b>	<b>4,508</b>	<b>5,058</b>	<b>5,271</b>	<b>4,377</b>	<b>6,955</b>	<b>6,299</b>	<b>6,588</b>

**Table 5**

Apprentice Registrations Consortia Led Apprenticeships 2016 – 2023								
Apprenticeships	2016	2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023
<b>Agriculture and Horticulture</b>								
Arboriculture					3	31	13	12
Farm Manager								11
Farm Technician								14
Horticulture								16
Sportsturf Management								27
<b>Total</b>			-	-	3	31	13	80
<b>Biopharma</b>								
Laboratory Analyst			2	21	18	18	14	42
Laboratory Technician			14	10	12	10	37	29
<b>Total</b>			16	31	30	28	51	71
<b>Construction</b>								
Advanced Quantity Surveyor								0
Geo Driller				2	18	7	8	0
Scaffolding						37	29	18
<b>Total</b>			2	18	44	37	37	18
<b>Electrical</b>								
Industrial Electrical Engineer	12	19	25	28	30	20	42	32
<b>Total</b>	12	19	25	28	30	20	42	32
<b>Engineering</b>								
Civil Engineer								35
Civil Engineering Technician								9
Engineering Services Management				10	17	34	22	17
Equipment Systems Engineer						6	5	0
Lean Sigma Manager					39	52	43	48

Manufacturing Engineer (Level 7)		36	20	27	20	53	48	48
Manufacturing Technology (Level 6)		40	34	29	30	42	90	79
OEM Engineer				11	16	14	20	30
Polymer Processing Technology		25	15	13	11	14	17	15
Principal Engineer					5	8	4	15
Wind Turbine Maintenance Technician							14	14
<b>Total</b>		<b>101</b>	<b>69</b>	<b>14</b>	<b>14</b>	<b>223</b>	<b>263</b>	<b>234</b>

<b>Finance</b>								
Accounting Technician		71	88	124	96	163	170	188
International Financial Services Associate		15	11	9	17	16	34	32
International Financial Services Specialist		18	10	12	18	23	21	14
<b>Total</b>		<b>104</b>	<b>109</b>	<b>145</b>	<b>131</b>	<b>202</b>	<b>225</b>	<b>234</b>

<b>Hair</b>								
Hairdressing					14	84	182	213
<b>Total</b>					<b>14</b>	<b>84</b>	<b>182</b>	<b>213</b>
								<b>237</b>

<b>Healthcare</b>								
Advance Healthcare Assistant Practitioner						68	7	3
<b>Total</b>						<b>68</b>	<b>7</b>	<b>3</b>

<b>Hospitality &amp; Food</b>								
Bar Manager							115	56
Butcher				7	37	10	51	27
Chef De Partie				31	40	5	35	9
Commis Chef			25	112	62	16	75	102
Sous Chef					5	3	11	1
<b>Total</b>					<b>25</b>	<b>150</b>	<b>144</b>	<b>73</b>
								<b>0</b>
								<b>172</b>
								<b>254</b>
								<b>172</b>

<b>ICT</b>							
CGI Technical Artist			7				0
Computer Network Associate		22	44	22	11	33	55
Cybersecurity			13	30	6	53	35
Cybersecurity Practitioner					2		0
Software Development Associate		39	66	42	53	148	90
Telecommunications and Data Network Engineering Technician			50	31	37	29	83
<b>Total</b>		<b>61</b>	<b>180</b>	<b>125</b>	<b>107</b>	<b>265</b>	<b>263</b>




<b>Insurance</b>							
Insurance Practitioner	67	86	80	70	49	75	105
<b>Total</b>	<b>67</b>	<b>86</b>	<b>80</b>	<b>70</b>	<b>49</b>	<b>75</b>	<b>105</b>
							<b>141</b>


<b>Logistics</b>							
Logistics Associate		27	34	53	74	79	74
Supply Chain Associate					13	15	29
Supply Chain Manager				11	36	6	30
Supply Chain Specialist				10	22	15	21
Transport Operations and Commercial Driving						21	18
<b>Total</b>		<b>27</b>	<b>34</b>	<b>74</b>	<b>145</b>	<b>136</b>	<b>172</b>


<b>Property Services</b>							
Auctioneering and Property Services		53	92	75	138	140	148
<b>Total</b>		<b>53</b>	<b>92</b>	<b>75</b>	<b>138</b>	<b>140</b>	<b>148</b>

<b>Recruitment</b>							
Recruitment Executive				27	24	37	18
<b>Total</b>				<b>27</b>	<b>24</b>	<b>37</b>	<b>18</b>

Sales							
Retail Supervision			76	101	142	161	125
Sales				30	51	38	100
<b>Total</b>			<b>76</b>	<b>131</b>	<b>193</b>	<b>199</b>	<b>225</b>
<b>Grand Total</b>	<b>79</b>	<b>335</b>	<b>590</b>	<b>906</b>	<b>949</b>	<b>1,652</b>	<b>1,987</b>
							<b>2,124</b>







**SOLAS – An tSeirbhís Oideachais  
Leanúnaigh agus Scileanna**  
Further Education and  
Training Authority

Block 1, Castleforbes House  
Castleforbes Road  
Dublin 1  
D01 A8NO  
Ireland

T: +353 (0)1 533 2500  
E: [info@solas.ie](mailto:info@solas.ie)  
[www.solas.ie](http://www.solas.ie)

# Tuarascáil

# Bhliantúil

# agus Cuntas

2023



## **SOLAS**

**An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna,**

**An tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna,**

Bloc 1, Teach Chaisleán Foirbis, Bóthar Chaisleán

Foirbis, Baile Átha Cliath 1

Block 1, Castleforbes House Castleforbes Road, Dublin

1, D01 A8No

T: **+353 (0)1 533 2500**

R-phost: **info@solas.ie**

**www.solas.ie**

Is mian leis an tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) i gcomhréir le hAlt 32(1) den Acht um Breisoideachas agus Oiliúna, 2013 a Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a chur faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta don tréimhse 12 mhí ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

### **Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021**

Foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo sa dá theanga oifigiúla go comhúaineach. Tá SOLAS, an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna, freagrach as maoiniú, pleánáil agus comhordú chláir FET. Tá gach clár á maoiniú nó á gcómhaoiniú ag Rialtas na hÉireann. Tá clár áirithe á gcómhaoiniú ag an Aontas Eorpach.

# Clár Ábhair

Réamhrá an Chathaoirligh	<b>4</b>
Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh	<b>6</b>
Maidir le SOLAS	<b>9</b>
SOLAS in 2023	<b>9</b>
Rialachas Corparáideach	<b>31</b>
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	<b>39</b>
Ráitis Airgeadais SOLAS 2023	<b>48</b>
Ráitis Airgeadais	<b>49</b>
Eolas Breise	<b>95</b>
Aguisíní	<b>106</b>

# Brollach an Chathaoirligh

Is mian liom an deichiú Tuarascáil Bhliantúil de chuid SOLAS, don tréimhse an 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023 a chur isteach.

Ba bliain dhearfach í 2023 do SOLAS agus don earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) lenar bhain athchóiriú, fás agus bunathrú substaintiúil. Bhí SOLAS fós i gceannas ar Straitéis uaillmhianach BOO 'Foghlaim a Athrú ó Bhonn' agus spreag sé athruithe ar fud an chórais BOO – ag soláthar rochtain níos éasca; conairí simplithe; eispéireas comhsheasmhach foghlaimeora; agus féiniúlacht níos láidre.

Agus muid tagtha amach as na dúshláin agus as srianta phaindéim COVID-19, tá borradh feicthe againn ar an éileamh ar sholáthar FET agus Printíseachtaí agus tá méadú de thart ar 17% ó 2022 go 2023 tagtha ar an mbonn foghlaimeoíri. Léirítear leis sin go bhfuil ár dteachtaireacht thábhachtach ábhartha - tá BOO do gach duine, beag beann ar a leibhéal oideachais fhoirmiúil. Tá sé ar fáil i ngach pobal in Éirinn agus cuireann sé conair luachmhar aitheanta ar fáil do dhaoine chun iad a thabhairt chomh fada agus is mian leat dul.

Cheiliúir SOLAS garsprioc an-tábhachtach in 2023 freisin agus é ag ceiliúradh 10 mbliana ó bunaiodh é faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013. Tá an foghlaimeoír ag croílár BOO agus le 10 mbliana anuas tá tionchar dearfach á imirt ag BOO ar shaol na mílte foghlaimeoír aonair, gnólacht agus pobal ar fud na hÉireann. Ní mór é sin a mholadh go hard agus gan dabht is rud é sin a bhféachfaidh SOLAS le leanúnít ar aghaidh leis agus muid ag dul chun tosaigh go ceann 10 mbliana.

Tá cur chun feidhme leanúnach na gComhaontuithe Straitíseacha Feidhmíochta don tréimhse 2022-2024 ag tacú leis an bhfás ar ghníomhaíocht foghlama in 2023 ar fud na tire. Tá fiorthionchar á imirt ag na comhaontuithe nua, a bhfuilcreat fhorfheidhmiú **Straitéis Náisiúnta BOO, BOO Amach Anseo: Foghlaim a Athrú ó Bhonn 2020-2024**, mar thaca leo ar an dóigh a ndéanaimid ár gclár oibre náisiúnta a

sholáthar, chomh maith le príomhréimsí eile. Bhí an t-athchóiriú sin ríthábhachtach lena chinntí go bhfuil leanúnachas agus comhsheasmhacht againn maidir leis an dóigh a bhfuil BOO á sholáthar agus chun eispéireas dearfach foghlaimeora a chinntí do chách.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua mo chomh-chomhaltaí ar an mBord, a lean le saineolais thar a bheith luachmhar a chur ar fáil i rith na bliana. I mí an Mheithimh 2023, chuireamar fáilte roimh dhá chomhalta Boird nua, Sheila Gallagher agus Niall O'Donnellan.

Táimid ag druidim lenár mbliain deiridh maidir le Straitéis reatha BOO 2020-2024 a sholáthar, agus tá go leor bainte amach againn san am sin. Ba chúis áthais dom a bheith ag obair in éineacht le foireann feidhmiúcháin SOLAS agus leis hearnál BOO níos leithne chun an straitéis fhadréimseach agus fhísiúil seo a chur i bhfeidhm le bliain anuas agus tá áthas orm aird a tharraingt ar na héachtaí suntasacha a rinneadh.

Ba mhaith liom trí cinn de na héachtaí suntasacha in 2023 a lua go sonrach, agus áirítear leo sin:

- Infheistíocht shuntasach caipitil dar luach €53 milliún ón Rialtas san earnáil FET agus forbairt 12 Thionscadal spreagúla de chuid Choláiste na Todhchaí FET.
- Forbairt na nasc láidir idir BOO agus ardoideachas trí thiomantas an rialtais do bheartas oideachais tríú leibhéal. Cuireadh túis le réimse cláir oideachais tríú leibhéal nua i mí Mheán Fómhair 2023.
- Tá ról ríthábhachtach ag BOO i bpobail i gcónai. Cuid lárnach de sin is ea oideachas pobail a sholáthar agus méadú as éadan tagtha ar infheistíocht le blianta beaga anuas. Tháinig méadú tapa ar líon na bhfoghlaimeoíri, agus foilseoidh SOLAS, ag obair le príomhpháirtithe, creat oideachais pobail nua in 2024 lena gcinnteofar cur chuige níos



comhsheasmhaí i leith an tsoláthair  
ríthábhachtach BOO sin lena gcuirtear  
rochtain ar oideachas ar fáil do go leor  
daoine.

Ba mhaith liom buiochas a ghabháil leis  
an Taoiseach Simon Harris TD agus leis an  
Aire Stáit, Niall Collins TD, chomh maith leis  
na hoifigigh ón Roinn Breisoideachais agus  
Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus  
Eolaíochta as a dtuiscint, a dtreoir agus a  
dtacaíocht. Ba mhaith liom moladh a thabhairt  
freisin do Phriomhfeidhmeannach SOLAS,  
Andrew Brownlee, d'fhoireann SOLAS, do  
Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ),  
do na Boird Oideachais agus Oiliúna, do  
ghníomhaireachtaí agus comhlacthaí Rialtais,  
agus dár gcompháirtithe eile go léir ar fud  
earnáil BOO a oibríonn i gcomhar lena chéile le  
comhtháthú agus fisíontach chun oideachas  
den scóth a sholáthar do gach foghlaimeoir  
atá ag gabháil do chóras BOO, go háirithe na  
foghlaimeoirí is imeallaithe.

Thar ceann an Bhoird, leanfaimid le comhairle  
straitéiseach, tacaíocht agus treoir a sholáthar  
do SOLAS in 2024 agus muid ag obair le chéile  
chun todhchaí rathúil a chinntíú do BOO.



**Seán Aylward**

Cathaoirleach an Bhoird

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh

Tháinig fás gan fasach ar FET agus ar phrintíseachtaí in 2023, agus daoine de gach aois ag dul ina muinin don fhoghlaim a theastaíonn uathu.

Bhain duine as gach deichniúr os cionn 15 bliana d'aois in Éirinn – os cionn 400,000 duine – leas ar bhealach éigin as BOO agus printíseachtaí in 2023. Leis na figiúirí sin, tugtar ardú misnígh dúinn go léir atá ag obair san earnáil BOO agus tugtar le fios dúinn go bhfuil BOO ag soláthar, ní hamháin do dhaoine aonair, ach do phobail agus don tsochaí, agus go bhfuil a uaillmhian bheith ina príomhspreaghtach d'fhorbairt eacnamaíoch agus do chomhtháthú sóisialta araon á baint amach aige.

Áirítear an méid seo a leanas leis an bhfás ar sholáthar BOO in 2023:

- Thug breis agus 150,000 faoi oiliúint sábháilteachta tógála tríd an Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgniochta, an Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéil, agus Safepass, agus tugadh isteach córas athnuachana ar líne nua i mí Eanáir, rud a spreagann an lucht saothair atá ag teastáil don tionscal ríthábhachtach seo agus a spreagann soláthar Tithiocht do Chách. Anuas air sin, cuireadh oiliúint ar bheagnach 5,000 duine i scileanna ríthábhachtacha foirgneamh nach móré neodrách ó thaobh fuinnimh (NZEB) agus scileanna gaolmhara a theastaíonn chun 500,000 teach a iarfheistiú faoi 2030.
- Daonra printíseachta de bhreis ar 27,470. Tá 73 printíseach éagsúil ar fáil anois, agus tá printísigh ag obair do 9,237 fostóir.
- Ghlac beagnach 219,000 foghlaimeoir uathúil cursáil FET eile, agus glacadh thart ar 375,373 áit le linn 2023 (tá go leor dár gcúrsaí ina gcúrsaí gairide, agus glacann go leor foghlaimeoí FET níos mó ná ceann amháin in aghaidh na bliana). Is é sin méadú thart ar aon cúigiú ar leibhéal 2022 – éacht iontach.

- Tá méadú 11% bliain i ndiaidh bliana tagtha ar na rolluithe ar chúrsáí iarr-Ardteistiméireachta (priomhcheann scribe d'fhágálaithe scoile), tá an earnáil ag tacú le breis agus 33,000 Úcránach sa Bhéarla agus i scileanna eile, agus tá breis agus 21,000 fostáí ag tabhairt faoi uas-sciliú tríd an tionscnamh Scileanna le Dul Ar Aghaidh, méadú os cionn ceathrú in 2022.
- Tá méadú thart ar 20% go 25,000 tagtha ar an rannpháirtíocht inár gcúrsaí r-Choláiste, ag méadú de réir a chéile ar ais go dtí an t-oll-éileamh a chonacthas le linn na paindéime, nuair a d'osclaíomar an acmhainn ar líne do chách. Spreagadh é sin tríd an tairiscint a éagsúlú, agus scileanna glasa ina gcuid den phunann anois, agus tá sé beartaithe é a fhorbairt mar thairseach chuig BOO in 2024.

## Fás agus Tionchar

Cuimhneofar ar 2023 mar bláthain fáis ach mar bláthain ina raibh fiorthionchar freisin. D'éirigh linn ár spriocanna feidhmíochta náisiúnta córais BOO a bhaint amach, lena n-áirítear priomh-reimsí ar nós: rannpháirtíocht a mhéadú - ghlac níos mó daoine ná riamh ó na priomh-sprioc-chohóirt páirt i gcúrsaí BOO, dul chun cinn laistigh de BOO de réir mar a bhog daoine feedh conairí foghlama, agus rátaí deimhniúcháin níos airde do scileanna trasnaí agus priomhriachtanais scileanna, rud a chinntíonn go bhfuil tábhacht agus ábharthacht ag an bhfoghlaim a rinneadh don tionscal agus thairis. A bhui leis sin, soláthraitear bonn láidir dúinn le haghaidh forbairt leanúnach in 2024.

Rinneadh athchóiriú tábhachtach freisin in 2023, go háirithe maidir le hathchóiriú na samhla maoiniúcháin lena nasctar cur ar fáil acmhainn BOO agus printíseachtaí le tortaí agus riachtanais i réigiún an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOO) faoi seach.





Treoráonn SOLAS an t-aistriú agus an t-athrú san earnáil BOO ach ní féidir é sin a dhéanamh gan an comhoibriú agus an tacaíocht a fhaighimid ó na daoine dícheallacha paiseanta a oibríonn ar fud an chórais BOO. Ar deireadh, táimid go léir ag obair i dtreo sprioc chomhchoiteann, is é sin a chinntiú go mbeidh eispéireas comhsheasmhach agus dearfach ag foghlaimeoíri BOO agus go mbeidh teacht ag na daoine is mó a bhfuil sé de dhíth orthu ar dheiseanna agus ar thacaiochtaí oideachais. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe in SOLAS, Bord SOLAS, leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le ETBI agus leis na 16 BOO agus a bhfoireann, a gníomhairescaí agus a gcomhlactaí a n-oibrímid i gcomhar leo agus gach duine atá páirteach in earnáil FET nó a oibríonn chun tacú leis an earnáil.

Táimid ag suíl go mór le hobair i gcomhpháirt libh ar fad maidir le prófil agus tionchar BOO a ardú ar fud na hÉireann.



**Andrew Brownlee**  
POF





# Maidir le SOLAS

Is é SOLAS an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as FET in Éirinn. Spreagaimid freagrúlacht, nuáláiocht, claochlú, inbhuanaitheacht agus rathúlacht na gcóras FET agus printíseachta. Déanaimid an méid sin trí straitéis a leagan síos, infheistíocht a threorú, cur i bhfeidhm a threorú, agus cuntasacht a chintíú ar fud na soláthraithe FET, le fócas sáraitheach ar riachtanais a gcuid foghlaimeoirí agus printísigh.

Táimid i gceannas ar Straitéis Náisiúnta uaillmhianach FET, Future FET: Ag Claochlú na Foghlama 2020-2024 agus ag spreagadh athraithe agus athchóirithe ar fud an chórais FET – lena soláthraítear rochtain níos éasca; conairí simplithe; eispéireas comhsheasmhach foghlaimeora; agus féiniúlacht níos láidre.

**Ár bhFís:** cumas daoine aonair, pobal agus fiontar a chumhachtú trí fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus trí chlaochlú an lucht saothair.

**Ár nUaillmhian:** Agus duine as gach deichniúr duine fásta faoi thionchar na foghlama a fhaigheann tacaíocht ó SOLAS ar bhealach éigin, is é ár n-uaillmhian é seo a mhéadú go leathmhilliún duine faoi 2026.

Tá ár dteachtaireacht láidir agus seasmhach i gcónai.

**“Tá BOO do gach duine, beag beann ar do leibhéal oideachais fhoirmiúil. Tá sé ar fáil i ngach pobal in Éirinn agus cuirfidh sé cosán luachmhar aitheanta ar fáil duit chun tú a thabhairt chomh fada agus is mian leat dul.”**

# SOLAS in 2023

Ag cur leis an dul chun cinn suntasach a rinneamar in 2022, lean SOLAS le bunathrú FET a threorú go 2023, rud a spreag athrú forleathan ar fud na hearnála. In 2023, chonaiceamar téarnamh san FET, agus bhraitheamar fás suntasach a raibh gá mó� leis i ndiaidh titim i rannpháirtíocht FET le linn COVID-19.

De réir mar a tháinig cur chun feidhme na Straitéis FET 2020-2024 isteach ina dhá bliain deiridh in 2023, lean FET agus printíseachtaí de bheith aitheanta mar chonair foghlama luachmhar agus aitheanta. Bhí an t-eileamh ar FET agus printíseachtaí níos airde riamh in 2023 agus bhain breis agus 400,000 duine leas ar bhealach éigin as FET agus printíseachtaí. Méadú suntasach ar an mbonn foghlaimeoira de thart ar 17% ó 2022 go 2023 ag tabhairt fianaise ar thábhacht mhéadaitheach FET do gach duine ar fud ár bpobail.

Rinne SOLAS dul chun cinn suntasach i bpriomhréimsí in 2023, ag cur an fhís agus an uaillmhian atá leagtha amach i Straitéis FET 2020-2024 chun cinn. Tacáodh le héabhlóid Choláistí FET na Todhcháí trí mhórchlár infheistíochta caipilí chun Coláistí FET a nuachóiriú agus a uasghrádú chun eispéiris claochlaithe foghlaimeora a chur ar fáil, ag seachadadh deiseanna forbartha scileanna nua-aimseartha agus spásanna foghlama a fhreastalaíonn ar phobail agus ar foghlaimeoíra araon.

Chonacthas fás agus forleathnú leanúnach ar thairiscint FET for Enterprise, trí chláir ar nós Skills to Advance, agus lean sé ar aghaidh ag feidhmiú mar acmhainn do gach duine chun scileanna agus athoiliúint a chur ar gach duine ar feadh a saoil agus a ngairmeacha beatha ina bpobail áitiúla. Chonacthas fás suntasach sa rannpháirtíocht sa ríomhCholáiste le haghaidh uasoiliúna agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil araon agus é ar fáil go hiomlán saor in aisce don cheathrú bliain as a chéile.


Rinne an Oifig Náisiúnta Printíseachta (NAO) dul chun cinn mór ina spriocanna uaillmhianacha faoin éileamh atá méadaithe go substaintiúil agus ag an am céanna ag dul i ngleic leis an tsaincheist riaráiste leanúnach a eascraíonn as srianta sláinte poiblí COVID-19 ar an earnáil.

Dhírigh Scileanna Glasa agus Foirgníocht ar leathnú an tsoláthair náisiúnta FET i scileanna glasa agus i scileanna tógála amach anseo ag teacht le príomhbheartais an Rialtais maidir leis an aeráid agus tithíocht.

Tháinig fás freisin ar FET do Phobail, agus leag oifig an chláir Litearthacht d'Aosaigh don Saol (LAS) amach fíos shoiléir trí fheachtas cumarsáide náisiúnta a bhfuil tionchar aige a sheoladh chun feasacht ghinearálta ar litearthacht, uimhearhacht agus scileanna litearthachta digití a chur chun cinn, lenar spreagadh comhráite faoi thábhacht na litearthachta i bpobail áitiúla mar aon le tacú le daoine rochtain a fháil ar sheirbhísí litearthachta áitiúla.

I mbliana bhí 10 mbliana ag SOLAS ó bunaíodh é in 2013, in éineacht le líonra na mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO) ar fud na tíre. Ag déanamh machnamh maidir leis an dul chun cinn le deich mbliana anuas agus an garsprioc shuntasach seo bainte amach againn, d'éirigh le SOLAS an earnáil FET a bheith ina hearnáil níos straitéisí, níos sofheicthe agus níos comhtháite, ag tairiscint deiseanna do chách agus ag tiomáint forbairt eacnamaioch agus comhtháthú sóisialta, chun a chinntí gur féidir le FET freastal ar na riachtanais athraitheacha shochaí na hÉireann.

Ba bhliain í 2023 ina raibh fás agus claochlú iontach ar FET, inar leagadh béis ar an méadú suntasach ar éileamh na hearnála agus ar an bhfreagairt lúfar ar thacú le 33.000 Úcránach breise i scileanna Béarla agus scileanna eile. Ba cheart go dtabharfaidh an méid sinn ardán iontach dúinn le haghaidh tuilleadh forbartha in 2024, le huaillmhian agus tiomantas chun na tortháil is fearr a bhaint amach d'fhoghlaimeoirí agus a gcuid pobal ag croílár na hearnála.



Maoiniú


**€17.3m**

i gcomhair Scileanna  
le Dul ar Aghaidh

## FET in 2023


**375,373**

tairbhe



**2,272**

banphrintíseach



Beagnach  
**25,000**

foghlaimeoir r-Choláiste

**27,470**

banphrintíseach

**9,237**

fostóir

Cuireadh

**€3,000**

ar fáil d'fhostóirí  
a fhostaíonn printísigh

Tacaíodh le

**84,937**

tairbhí trí sheirbhísí  
litearthachta  
BOO d'Aosaigh.


## > Maoiniú BOO in 2023

Tacaíonn Aonad Cisithe agus Feidhmíochta agus Córais SOLAS le próisis dearbhaithe deontais, cistithe agus pleanála don hearnáil FET. Ina measc sin, tá an próiseas bliantúil i dtaobh an Chórais um larraidh agus Leithdháileadh Maoinithe a éascaíonn an bealach a gcuireann soláthraithe BOO isteach ar shonraí cáiliochtúla, cainníochtúla, agus airgeadais chun tacú lena n-iarratais maoinithe. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, sholáthair Plean Seirbhísí BOO 2023 leithdháileadh buiséid ionlán dár luach €999.39m a cuireadh ar fáil do sholáthar BOO arna mhaoliniú ag SOLAS in 2023, lena n-áirítear leithdháileadh caipítel dar luach €59.5m.

Cruinníonn agus tiomsaíonn an tAonad Cistithe agus Feidhmíochta agus Córais sonrai cainníochtúla, a thuairiscionn BOOanna trí Chóras Tacaíochta Foghlaimeoíri an Chláir (PLSS), an Córas Seirbhísí Ciant Printíseachta (ACSS) agus córais FARR go príomha, chun tuairisci a chur ar fáil maidir le soláthar FET. Tá léiriú thíos ar fhaisnéis faoi ghníomhaiocht BOO a thuairiscigh Boird Oideachais agus Oiliúna trí na meicníochtaí seo in 2023.

In 2022, tháinig feabhas suntasach ar an gcóras FET ó thréimhsí srianta agus ó thionchar na paindéime COVID-19.

## Treochtaí Rollaithe Croí-sholáthair FET Sonraí rollaithe ó Chóras Foghlaimeoíra FET PLSS



# Taighde, Sonraí agus Rannpháirtíocht Straitéiseach

In 2023, bhí foireann Taighde, Sonraí agus Rannpháirtíochta Straitéisí SOLAS i gceannas i gconaí ar gharsprioc thábhachtach maidir le seachadadh chlár oibre na Foghlama a Athrú ó Bhonn le cur chun feidhme leanúnach na [gComhaontuithe um Fheidhmíocht Straitéiseach 2022– 2024](#) i gcrích idir SOLAS agus gach ceann de na 16 BOO.

Leagann na comhaontuithe seo amach na pleananna don todhchaí le haghaidh forbartha agus nuálaíochta ar fud na gcóras FET agus áiritear leis seo an ranníocaiocht bheartaithe ó gach BOO do na spriocanna córais náisiúnta a comhaontaíodh leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Áiritear i measc na 12 sprioc córais náisiúnta tagairt do réimsí agus do théamaí a meastar a bheith fiorthábhachtach maidir leis na comhaontuithe feidhmíochta straitéisí tosaigh 2018-2020. Áiritear orthu sin tortháí fostáiochta, dul ar aghaidh chuig ardoideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil, agus príomhthosaíochtaí náisiúnta á n-ionchorprú freisin lena n-áiritear scileanna glasa agus athoiliúint an fhórsa saothair.

Spriothéama	Spriocbheart
Poist a Thacú	<p><b>Poist:</b> Tortháí fostáiochta a thabhairt ar ais ag leibhéal 2019 agus iad a fhás 10% roimh 2024</p> <p><b>Scileanna le dul san lomaíocht:</b> 50,000 áit a chur ar fáil chun tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a chaill a bpost chun bealach a fháil ar ais chuig obair inbhuanaithe</p>
Conairí a Chruthú	<p><b>Dul Chun Cinn laistigh de BOO:</b> Gluaiseachtaí dul chun cinn laistigh BOO a thabhairt ar ais ag na leibhéil a bhí ann sa bhliain 2019 agus iad a fhás 10% roimh 2024</p> <p><b>Dul Chun Cinn ó BOO-AO:</b> Leibhéal dul chun cinn a fhás 10% faoi 2024</p>
Ionchuimsiú a Chothú	<p><b>Tras-Scileanna :</b> Teastas ag leibhéal 1-3 an Chreata Náisiúnta Cáilíochtaí a thabhairt ar ais ag na leibhéil a bhí ann sa bhliain 2019 agus iad a fhás 10% roimh 2024</p> <p><b>Rannpháirtíocht a Phás:</b> Leibhéal rannpháirtíochta a thabhairt ar ais ar comhchéim le leibhéal na bliana 2019 agus tú a chur leis an bhfás mar a bhí</p> <p><b>Litearthacht d'Aosaigh don Saol (LAS):</b> Soláthar le haghaidh litearthachta agus uimheartachta</p>
Uasoiliúint Trí Shaolta agus Trí Ghairmeacha	<p><b>Foghlaim ar Feadh an tsaoil:</b> Rannpháirtíochta i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil a thabhairt ar ais chuig na leibhéil a bhí ann sa bhliain 2019 agus iad a fhás 10% roimh 2024</p> <p><b>Scileanna le Dul Ar Aghaidh:</b> Cur le rolluithe uasoiliúna an fhórsa saothair ar bhonn leanúnach</p>
Ar Riachtanais Bunscaleanna a Dhírú	<p><b>Riachtanais Bunscaleanna:</b> Líon na n-áiteanna atá ag plé le riachtanais bunscaleanna a mhéadú</p> <p><b>Scileanna Iarfheistithe:</b> Méadú ar sholáthar athscilthe chun riachtanais iarfheistithe a shásamh</p> <p><b>Scileanna Glasú do Chách:</b> Modúl a chlúdaíonn leabú bunscaleanna glasa ar fud cúrsaí BOO</p>

De réir mar a lean na comhaontuithe a chur i bhfeidhm in 2023, chuir siad ar chumas an chórais FET leanúint ar aghaidh ag feabhsú na leibhéil toraidh a bhí ann roimh an bpaindéim chomh maith le fás agus athchóiriú a chinntí chun freastal ar uaillmhian na Straitéise FET 2020-2024, ar fud na 16 réigiún de chuid an BOO.

Bhí **tuarascáil ar an gcoras náisiúnta** ag gabháil leis na comhaontuithe foilsithe freisin ina dtugtar achoimre ar an dul chun cinn agus ar an méid a baineadh amach ó cuireadh na chéad chomhaontuithe i bhfeidhm, na príomhthéamaí a thagann chun cinn ó na comhaontuithe sin a mhúnlóidh forbairt an chórais, agus spriocanna náisiúnta BOO a sheachadfar thar tréimhse 2022-24. Táthar ag súilanois, faoi dheireadh 2024, le go dtarlóidh na nithe seo a leanas do chóras BOO:

- A thorthai fostaiochta a mhéadú le breis agus 10% ar leibhéil réamh-COVID agus tá tairiscint amháin Scileanna le dul in lomaíoch ann do dhaoine difhostaithe, rud a chuirfidh athoiliúint ar thuairim is 20,000 in aghaidh na bliana.
- Conairí laistigh de BOO a athshocrú, ag fás thar leibhéil dul chun cinn réamh-COVID idir Leibhéal 1-6 CNC, agus ag cur suas le 25% le conairí BOO-Ardoideachas (AO) mar thaca le córas treasach aontaithe.
- Deimhniú ar thras-scileanna a mhéadú agus rannpháirtíocht na bpriomh-spriocgchrúpaí a leathnú faoi 10% ar a laghad ar leibhéil réamh-COVID, agus 10,000 áit a chur leis mar thaca leis an Straitéis Litearthachta d'Aosaigh don Saol.
- Rannpháirtíocht san fhoghlaim ar feadh an tsaoil a mhéadú i bhfad níos mó ná na leibhéil réamh-COVID, agus scála an tionscnaimh uasoiliúna an fhórsa saothair Scileanna le Dul ar Aghaidh a dhúbailt.
- An soláthar atá dirithe ar riachtanais scileanna rithábhachtacha a leathnú tuilleadh le breis agus 15%, méadú ar Fhoirgnimh nach mór Neodrach ó thaobh Fuinnimh/soláthar iarfheistithe go breis agus 7,000 áit in aghaidh na bliana agus

modúil scileanna glasa a dhaingniú trasna gach soláthair BOO.

- Mar chuid den chlár oibre foriomlán i dtaobh claochlú, chruthaigh agus sheachaid foireann anailise sonrai SOLAS ardán digiteach nua bunaithe ar thorthaí chun feidhmíocht na 12 sprioc córais náisiúnta a rianú.

Léiríodh sa tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn don bláthain 2023 gur sháraigh Boird Oideachais agus Oiliúna agus an earnáil FET níos leithne amach ocht gcinn as deich gcinn de na spriocanna agus sonrai á gcomhlíonadh le haghaidh dhá sprioc eile.

Is ionann sin agus tuilleadh fianaise d'fheidhmíocht as cuimse na mBord Oideachais agus Oiliúna in 2023.

## > Taighde

Bhí seachadadh taighde straitéisigh faisnéiseach agus tráthúil ina phríomhghhné chun taca a chur faoi sholáthar BOO i rith 2023. Le foilsíú thuarascáil Torthaí an Chórais FET 2018-2022, léirítear na treochtaí agus an fás i ngníomhaiochtá arna maoiniú ag SOLAS thar an tréimhse sin.

Áiríodh i bpriomh-thuarascálacha agus i bpriomhfhoilseacháin bhreise ó foireann Anailísiocta Sonrai SOLAS FET Facts and Figures chomh maith le taighde taiscéalaíoch ar chúrlaí socheacnamaiocha an phobail foghlaimreora FET.

Le seoladh an **Fheasacháin Scileanna Náisiúnta** don bláthain 2023 lenár gcomhpháirtí straitéiseach, an Coiste Fiontair san RDS, ba mhór an t-athrú ar raon feidhme agus ar thionchar na hanailise scileanna náisiúnta agus an taighde maidir le tírdhreach scileanna na hÉireann amach anseo a mhúnlú.

I dteannta Athbhreithnithe Scileanna OECD ar Éirinn a cuireadh i gcrích in 2023, lean an tAonad Taighde Margaidh um Scileanna agus Lucht Saothair, i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Scileanna, le príomhfhoilseacháin thábhachtacha agus ghéarchúiseacha a chur ar fáil, lena n-áirítear an **Feasachán Scileanna Náisiúnta**, an

tuarascáil **Monatóireacht ar Sholáthar Scileanna** in Éirinn, agus an **Suirbhé ar Phoist atá Deacair a Lionadh**.

I bhfianaise na dinimice náisiúnta maidir le réimsí gairme, cé go bhféadfadh ganntanas scileanna, nó ganntanas scileanna féideartha a bheith ann, mar aon le soláthar scileanna (chomh maith le ganntanas féideartha saothair), leanann foireann RDSE ag obair as lámha a chéile leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun a chinntiú gur féidir le BOO agus scileanna náisiúnta agus uaillmhian sa todhchaí chomh heolach agus is feidir, go háirithe i bhfianaise na moltaí a eascraíodh as Athbhreithniú Scileanna an OECD ar Éirinn in 2023.

## Cumarsáidí

Tréimhse téarnaimh, fáis agus cloachlaithe a bhí in 2023 san earnáil FET. Le bliain anuas, tháinig méadú suntasach ar an éileamh ar FET agus printíseachtaí, rud a dhaingnigh a thábhacht mhéadaitheach do gach duine ar fud ár bpobail, agus ba chloch mhile rithábhachtach é mar a chomóradh SOLAS 10 mbliana ó bunaíodh é i mí Dheireadh Fómhair na bliana seo.

Lean foireann Chumarsáide SOLAS ag cur le próifil FET thar raon lucht féachana, lena n-áirítear foghlaimeoír ionchasacha, pobail, fostóirí agus an Rialtas i rith 2023, ag cur luach uathúil FET chun cinn maidir le freastal ar gach cuid de shochaí na hÉireann agus chuir siad glaoch chun gnímh go héifeachtach do gach duine aonair agus gnóthas smaoineamh ar conas a d'fhéadfadh FET cabhrú leo fás.

Neartaigh an fhoireann Chumarsáide ról SOLAS mar cheannaire ar chlaochlú na hearnála FET le linn an ama seo, ag cur béime ar a ról mar phríomhspreagadh chun athraithe san earnáil.

## > Príomh-Feachtais

Mar thoradh ar gníomhaíocht feachtais a raibh tionchar aige, chuir an fhoireann Chumarsáide in éineacht le hoifig an chláir Litearthacht d'Aosaigh don Saol (LAS) feachtais náisiúnta ioctha ar bun roimh Lá Idirnáisiúnta na Litearthachta i mí Mheán

Fómhair agus lena linn. Chuir an feachtas seo feasacht ghinearálta chun cinn ar litearthacht, uimhearthacht, agus scileanna litearthachta digití, agus spreag sé comhráite faoi thábhacht na litearthachta i bpobail áitiúla mar aon le tacaíocht a thabhairt do dhaoine rochtain a fháil ar sheirbhísí litearthachta áitiúla.

Ag tógáil ar an méadú ar lucht fágála scoile ag roghnú conairí FET, rinneadh feachtas náisiúnta chun FET a chur chun cinn mar rogha luachmhar don chohort seo a chomhordú agus a chéimníú go straitéisearch thart ar na príomhspriorcanna in amliné an CAO. Rolladh amach an feachtas fógraíochta meán ioctha seo thar phríomhphointí teagmhála agus bealaí tábhachtacha, ag díriú ar lucht fágála scoile agus príomh-thionchairí lena n-áirítear tuismitheoirí, múinteoirí, agus treoirchomhairsleoirí. Tacaíodh leis an ngníomhaíocht ioctha trí fheachtas PR náisiúnta agus réigiúnacha tuillte rialta agus urlabhairthe SOLAS a bheith páirteach ar chláir sna meáin. Bhí tionchar ag an bhfeachtas, ag tiomáint líon suntasach úsáideoirí chuig an suiomh gréasáin.

Leathnaigh an Oifig Náisiúnta Printíseachta (NAO) a ngníomhaíocht feachtais fógraíochta ioctha do Ghiniúint Phrintíseachta ar fud 2023, ag glacadh le cur chuige níos spriocdhírithe chun teacht ar phrintísigh ionchasacha agus ar fhostóirí ionchasacha trí bhealaí éagsúla. I measc na ngníomhaíochtaí, bhí feachtas fágála scoile, an feachtas 'Facts, Faces Futures' chun printíseachtaí a chur chun cinn do mhná óga, agus bhí an feachtas 'One More Job' dírithe ar fhostóirí. I dtreo dheireadh an bliana 2023, seoladh feachtas náisiúnta um Earcaíocht do Theagascóirí Printíseachta i gcomhar le líonra BOO.


Thacaigh an fhoireann Chumarsáide freisin le roinnt feachtas agus gníomhaíocht chur chun cinn do phríomh-aonaid ghnó i rith na bliana lena n-áirítear an tairiscint FET don Fhiontraíocht thar Scileanna chun Cinn, Micridhíntíúir agus ríomhCholáiste, lena n-áirítear feachtas náisiúnta ríomhCholáiste chun tacú le 'Fuinneamh agus Tusa; Laghdaigh d'Úsáid'. Thacaigh an fhoireann Chumarsáide le gníomhaíocht chur chun cinn do Scileanna Glasá agus Tóbáil, agus ba é an buaicphointe é seoladh Athnuachan an Phas Sábhláit Malartach.

## > Anailísíocht

Bhain fás agus rannpháirtíocht láidir i mbliana leis na cainéil meán sóisialta ar fud SOLAS, Gluin Phrintíseachta agus Seo BOO, le méadú foriomlán 18% ar an mbonn leantóiri ó dheireadh na bliana 2022 go 2023. Tháinig an méadú ab airde ar chuntais LinkedIn in 2023 ar fud SOLAS agus feachtas na Glúine Printíseachta.

**solas.ie**

**Generation Apprenticeship apprenticeship.ie**



**430,692**

úsáideoir uathúla

**1.564m**

amharc ar leathanaigh

**X 5,819**

X (Twitter roimhe seo) leantóiri

**f 25,138**

leantóir Facebook

**3,785**

Instagram leantóiri



**8,424**

leantóiri LinkedIn

**165,848**

úsáideoir uathúla

**472,194**

amharc ar leathanaigh

**16,641**

leantóiri LinkedIn

**X 10,879**

X (Twitter roimhe seo) leantóiri

**707,121**

úsáideoir uathúla

**8,429,408**

amharc ar leathanaigh

**fetchcourses.ie**

**Seo BOO**

(Breisoideachas agus Oiliúint)

**5,051**

leantóir Instagram



**4,167**

leantóir Facebook

**X 3,294**

X (Twitter roimhe seo) leantóiri

## > Príomh-Imeachtaí

Tháinig imeachtaí pearsanta ar ais go hiomlán in 2023, le roinnt imeachtaí náisiúnta dírithe ar an bhfoghlaimeoir i mí Mheán Fómhair lena n-áirítear imeacht fágála scoile an Irish Times, Higher Options, an Printíseacht dírithe ar Ireland Skills Live, agus láithreacht Rialtas na hÉireann ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, i gcomhar le ETBI agus an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaochta.

Ag druidim le deireadh na bliana 2023, bhí an imeacht Constructing Futures chun próifil na tógála inbhuanaithe a ardú laistigh den earnáil FET agus seoladh Feasachán Náisiúnta Scileanna an SLMRU, ar fhreastail an-mhaith orthu.

Rinne an NAO ceiliúradh ar an gcéad bhuaiteoir mná riamh dá nGradam do Phrintíseach na Blíana, le clúdach láidir sa phreas agus lean sé Gradaim rathúla Curadh na Blíana san Ionad Oibre. I rith na bliana, bhí láithreacht réigiúnach láidir ag an NAO ag roinnt imeachtaí dírithe ar ghairmeacha agus imeachtaí seo bóthair ar fud na tire. Bhí cruinnithe comhpháirtithe fós ina bpriomhfhócas do rannpháirtiocht na bpáirtithe leasmhara le bliain anuas.

Chonacthas roinnt comhdhálacha ar mhórscála in 2023 ó Chumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Leasa (NAPD), BOOÉ agus an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), agus Dámhachtainí AONTAS STAR - a raibh ról ag SOLAS iontu ar fad.

Choinnigh an fhoireann Cumarsáide páirtithe leasmhara cothrom le dáta maidir le príomhthuarascálacha a foilsiodh i rith na bliana lena n-áirítear:

- Poist ar Deacair iad a líonadh 2023
- Feasachán Scileanna Fómhair/Geimhridh 2023
- Monatóireacht ar Sholáthar Scileanna na hÉireann 2023
- Feasachán Scileanna Náisiúnta 2023

- Feasachán Scileanna Samhraidh 2023
- Feasachán Scileanna Earraigh 2023

Lean láithreacht SOLAS ar na meáin shóisialta ag fás in 2023 agus tháinig méadú ar lón na leantóirí sna bealaí 'thisifet' agus printíseachta. Lean an fhoireann ag tacú le cumarsáid inmheánach trí roinnt tionscnamh lena n-áirítear an r-Nuachtlitir "Spotsolas ar SOLAS", 12@12s, agus Brunch & Learns.

I dteannta lena feidhm chumarsáide, lean an fhoireann chumarsáide agus rúnaíochta le tacaíocht rúnaíochta a sholáthar do Bhord SOLAS i rith 2023, chomh maith le hiarrataí um Shaoráil Faisnéise (SF) agus Ceisteanna Parlaiminte (PQ) a bhainistiú.

## Coláiste na Todhcháí BOO

Ba bhliain shuntasach eile í 2023 maidir le hinfheistíocht chaipítel san Earnáil FET le €53 milliún de mhaoiniú arna dháileadh ar BOONNA thar níos mó ná 100 tionscadal agus mar Dheontais Chaipítel Dhéabhlóidithe.

Rinneadh dul chun cinn suntasach freisin maidir le tionscadail a maoiníodh trí dhá ghlaobh ar mhaoiniú caipítel 2022, an Ciste um Uasghrádú Bonneagair Straitéisigh (SIUF) agus Ciste na dTionscadal Móra Coláiste na Todhcháí. Faoi SIUF, tá 19 dtionscadal á gcur chun cinn trí na céimeanna deartha agus tairisceana. Tabharfaidh na tionscadail sin aghaidh ar easnaimh i réadmhaoin FET ar fud na tire, lena n-imreofar tionchar ar na 16 Bhord Oideachais agus Oiliúna uile.

D'fhorbair dhá thionscadal déag le déanaí Réamh-Chásanna Gnó (PBCanna) faoi na Mórthionscadail CotF. Forbrófar na cásanna gnó seo a thuilleadh in 2024 i dtreo campas suaitheanta FET a sheachadadh in áiteanna ina bhfuil éileamh ard ó fhoghlaimeoirí agus riachtanas suntasach bonneagair.

Baineadh garsprioc ríthábhachtach eile amach in 2023 nuair cuireadh tú le go soláthródh

gach BOO Straitéisí Eastát FET, Pleananna Stoc Foirgníochta agus Sainordú Gníomhaiochta Aeráide na hEarnála Poiblí. Agus é á fhórlionadh anois ag an suirbhé faisnéise is mó riamh ar phunann réadmhaoine FET agus trí na straitéisí sin a ghiaráil, is féidir le SOLAS cinntí níos sonraítiomáinte a chur i bhfeidhm maidir le himscaradh maoinithe chun seachadadh na Straitéisí FET 2020-2024 a chumasú. Ag an am céanna, tacóidh sé freisin le gealltanais na hÉireann faoin bPlean Gníomhaithe Aeráide, faoin Treoir um Fheidhmíocht Fuinnimh ón AE, agus faoi Chomhaontú Pháras.

Chomh maith le tacaíocht mhaoinithe theicniúil agus riarrachán a sholáthar do thionscadail bheo agus do phíblíne maoinithe atá ag dul i méid, dhírigh foireann FET CotF ar phróisis a fheabhsú go leanúnach mar phríomhthosaíocht straitéiseach chun éifeachtúlacht, freagrúlacht a mhéadú agus, ar deireadh, eispéireas an fhoghlaimeora FET a fheabhsú. Agus í ag plé le ilaonaid ghnó laistigh de DFHERIS, d'ainthín an foireann digitíú méadaithe mar phríomhsprioc do 2024, le tacaíocht ó huasoiliúint aonair agus infheistíocht i bhfoirgniocht ar chaighdeán tionscail agus i gcórais bhainistíochta eastát.

## Litearthacht d'Aosaigh don Saol (ALL)

Is straitéis 10 mbliana é Litearthacht d'Aosaigh don Saol (LAS) lena gcinnteofar go mbeidh an litearthacht, an uimheartach agus an litearthacht dhigiteach is gá ag gach aosach in Éirinn chun páirt ionlán a ghlacadh sa tsochaí agus barr a gcumais a bhaint amach. I gcaitheamh 2023, rinneadh obair shuntasach chun struchtúir nua a bhunú agus chun gníomhaiocht a mhaioniú ag an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach chun tacú le cur chuige uile-rialtais agus sochaíocha chun an straitéis a chur i bhfeidhm in Éirinn.

**Oifig Clár Náisiúnta:** Ceapadh triúr cinníri earnála nua i réimsí an oideachais, na sláinte agus an phobail, mar aon le foireann bhreise chun tacú le comhordú agus seachadadh na straitéise. Thosaigh Oifig an Chláir Náisiúnta ag plé go straitéiseach leis na BOOnna agus le

gníomhaireachtaí ábhartha maoinithe ag SOLAS chun an Straitéis LAS a sheachadadh.

### Comhordaitheoirí Réigiúnacha

**Litearthachta:** Leanadh ar aghaidh le ceapadh Comhordaitheoirí Litearthachta Réigiúnacha (RLCanna) sna Boird Oideachais agus Oiliúna le cúig cinn déag as sé cinn déag, i bhfeidhm faoi dheireadh na bliana. In 2023, chruinnigh na RLCanna le thart ar 400 eagraiocht chun compháirtíochtaí a thiomáint a thacóidh leis an straitéis ag an leibhéal áitiúil.

### Comhghuaillíochtaí Litearthachta Náisiúnta

**agus Réigiúnacha:** Cuireadh Comhghuaillíoch Náisiúnta Litearthachta (NLC) ar bun le hionadaíocht ó thart ar 20 roinn rialtais, eagraiocht agus geallsealbhóir. Chruinnigh an NLC chun freagraí iomchuí a fhorbairt chun an straitéis a seachadadh. Ar an gcaoi chéanna, in 2023, bhunaigh na Comhghuaillíochtaí Réigiúnacha Litearthachta trí cinn déag (as sé déag san ionlán) agus tá túis curtha acu le Pleananna Gníomhaiochta Réigiúnacha Litearthachta a fhorbairt chun cur i bhfeidhm na straitéise a thiomáint ag an leibhéal áitiúil.

### Comhoibriú & Nuáláiocht na Straitéise LAS:

Chun na tionscadail agus compháirtíochtaí nuálacha a mhaioniú a thacaíonn le daoine fásta a scileanna litearthachta, uimheartachta agus digiteacha a fheabhsú. Tugadh an maoiniú do raon éagsúil eagraiochtaí ar fud na tíre, ó ghrúpaí pobail beaga go leabharlanna, ionaid dídeanaithe, eagraiochtaí tacaíochta agus soláthraithe oideachais aosaigh. Bhain na céadta daoine tairbhe as an maoiniú sin.

**Feachtais Fheasachta:** Reáchtáladh feachtais feasachta náisiúnta ar fud na meán raidió, físeáin, lasmuigh, digiteach agus sóisialta chun feasacht a ardú maidir leis an Straitéis Litearthacht d'Aosaigh don Saol (LAS), chomh maith le béim a chur ar na seirbhísí agus na tacaíochtaí litearthachta áitiúla atá ar fáil. D'eagraigh Comhordaitheoirí Litearthachta Réigiúnacha 30 imeacht agus gníomhaiocht áitiúil freisin; ghlac seastáin i 30 Oifig Poist; agus scaipeadh 20,000 acmhainn bolscaireachta ar fud na tíre.

**Taighde:** Críochnaíodh an chéad chéim den taighde chun treoir a thabhairt d'fhorbairt Chreat Foghlama agus Forbartha Gairmiúla do Chleachtóirí Litearthachta. Cuireadh túis freisin le taighde chun an Soláthar Scileanna sa Litearthacht Dhigiteach in Éirinn a mhapáil.

**Oiliúint i mBéalá Simplí:** Bhain daichead ball foirne ar fud ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, Boird Oideachais agus Oiliúna agus eagraíochtaí neamhrialtasacha leas as oiliúint Bhéalá shimplí maoinithe LAS.

## Printíseacht

Tá freagracht reachtúil ar SOLAS as printíseachtaí in Éirinn agus, tríd an Oifig Náisiúnta Printíseachta (NAO), leanann SOLAS i ndlúthpháirtíocht leis an Údarás um Ard-Oideachas (HEA) ag cur go mór le fás agus leathnú an chórais printíseachta náisiúnta. Tá freagracht ag an NAO maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaithe Náisiúnta do Phrintíseachtaí 2021-2025 a chur chun cinn.


Chruinnigh an Chomhghuaillíocht Náisiúnta de Phrintíseachtaí 8 n-uaire le linn 2023. Is grúpa comhairleach náisiúnta é seo a chuimsíonn ionadaithe ón tionscal, printíseach, compháirtithe sóisialta agus soláthraithe oiliúna. Cuireann an Chomhghuaillíocht comhairle ar an NAO maidir le

cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaiochta 2021-2025 lena n-áirítear dul chun cinn i dtreorú múnlá aonair comhtháite printíseachta a bhunú.

Tá fás gan fasach ar phrintíseachtaí feicthe againn in 2023, rud a d'fhág go raibh éileamh ard ar áiteanna oiliúna. Tá an NAO, ag obair go dlúth leis an ÚAO agus soláthraithe oiliúna sa bhreisoideachas agus san ardoideachas, ag comhordú pleán oiliúna cloachlaithe do phrintíseachtaí ceardaiochta chun deireadh a chur le moilleanna ar phrintísigh atá á sceidealú le haghaidh oiliúna lasmuigh den láthair a thosaigh ag ardú in 2023.

Forbraíodh pleán cuimsitheach lena n-áirítear cineálacha cur chuige nuálacha agus éigeandála chun dul i ggleic le riarráistí printíseachta ceardaiochta agus cuireadh túis leis in 2023. Mar thoradh air sin, tiocfaidh méadú suntasach ar phrintísigh a fhaigheann oiliúint amach ón láthair oibre in 2024.

Seoladh seacht bprintíseachta nua i rith na bliana, lena n-áirítear printíseachtaí Bainisteoir Feirme (Creat Náisiúnta Cáilliochtaí (CNC) L7) agus Teicneoir Feirme (CNC L6) agus Ard-Suirbhéir Cainníochta (CNC Lg). Faoi dheireadh 2023 bhí 73 printíseachta náisiúnta i bhfeidhm, agus 22 eile á bhforbairt.



## > 2023 in Uimhreacha

Bhí lín na bprintíseach nua a chláraigh in 2023 ar an lín is airde go dtí seo. Bhí 8,712 clárúchán ann in 2023 i gcomparáid le 8,286 in 2022.

Tháinig méadú freisin ar lín na bhfostóirí printíseachta a fhostaíonn printísigh go gníomhach in 2023, go 9,237, an méid is mó riamh, méadú ó 8,934 in 2022.

Ar an iomlán, tháinig méadú suntasach ar lín na bprintíseach in 2023 – ba é lín iomlán na bprintíseach ag deireadh na bliana ná 27,470, an méid is mó riamh, méadú ó 26,325 in 2022.

Le haghaidh faisnéis ar gach cursa printíseachta atá ar fáil agus sonrai gaolmhara, féach Aguisíní.

## > Gníomhaíochtaí na hOifige Náisiúnta Printíseachta in 2023

Ba bhliain ghnóthach eile í 2023 don Oifig Náisiúnta Printíseachta (NAO), agus í ag bogadh ó thuis go scála suas ina cuid gníomhaíochtaí agus tionchair.

Rinneadh obair fhairsing ar fhorbairt an mhúnla do chóras printíseachta aonair comhtháite. Cuireadh na páirtithe leasmhara uile ar an eolas faoin dul chun cinn sin ar bhonn rialta trí nuachtlitreacha tiomnaithe.

Tar éis anailís sonrai í mí lúil 2023 a thug le fios go raibh ardú suntasach ar an moill in oiliúint do phrintísigh ceardaíochta, chomhordaigh an NAO foireann tras-eagraíochta a chuimsigh SOLAS, ÚAO agus soláthraithe oiliúna printíseachta ar fud an bhreisoideachais agus ardoideachais chun pleán mionsonraithe a fhorbairt chun dul i ngleic leis na moilleanna oiliúna agus deireadh a chur leo thar an chuid eile den 2023 agus isteach in 2024. Faoi dheireadh na bliana 2023 bhí pleán comhaontaithe i ndlúthchomhar leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun acmhainn maoinithe agus oiliúna a sholáthar do bheiris is 9,800 printíseach chéim 2 mar aon le bearta amhail feachtas náisiúnta earcaíochta teagascóirí agus seachadadh luathaithe oiliúna do roinnt clár. Chuathas i mbun cur chun feidhme an phleán i mí na Nollag 2023 agus leanfar leis sin trí 2024.

Mhéadaigh an foireann go 18 mball fairne agus bunaíodh oifig agus áis comhdhála nua a d'oirfeadh don fheidhm i bPáirc Ghnó an Phointe Thoir i mBaile Átha Cliath. I dtreo dheireadh na bliana, fógraíodh go mbeadh an foireann Printíseachta Ceardaíochta i SOLAS comhchuimsithe faoin NAO ó 2024 ar aghaidh, rud a chruthódh foireann de thart ar 52 ball fairne.

D'fhoilsigh an NAO tortháí an chéad suirbhé náisiúnta ar fhostóirí printíseachtaí don bhliain 2023. Lorg an suirbhé tuairimí na bhfostóirí go léir a raibh printísigh gníomhacha faoi oiliúint acu in 2023.

Bhí an dara Gradaim Phrintíseach na Blíana ar siúl i mí Dheireadh Fómhair agus d'fhreastail 500 ar Theach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath. Ba é Hazel Johnston, printíseach Innealtóireachta Déantúsaíochta le DePuy Synthes Cork, an buaiteoir foriomlán.


Reáchtáladh na chéad Ghradaim do Phrintíseachta Ghlúin na Seaimpíní san Áit Oibre le 87 ainmniúchán aonair agus fairne. Bhain Brendan Kearns ó Designer Group an gradam foriomlán.

Deonaíodh suim iomlán €175,382 do 5 chuibhreannas chun Printíseachtaí nua a fhorbairt. Bhain 1,487 fostóir ó gach contae leas as an Deontas Fostóra Printíseachta arbh fhiú €5.35 milliún san iomlán é agus bhain 53 fostóir leas as Sparánacht Inscne arbh fhiú €79,980 san iomlán é do 2023.

D'éirigh le píolótú sparánacht nua Rochtana agus Cuimsithe do Phrintísigh le hOllscoil Theicneolaíochta na Sionainne agus bhain 16 Printíseach leas as an deontas €3,000 d'fhoghlaimeoirí incháilithe chun tacú le costais mhaireachtála lena n-áirítear taisteal, lóistín agus ábhair.

D'fhoilsigh an Oifig Náisiúnta Printíseachta a tuarascáil bhliantúil 2023 don bhliain, mar aon le breac-chuntas ar na pleannána don bhliain 2024. Tá an tuarascáil ar fáil [anseo](#).

## > Printíseachtaí 2023 in uimhreacha



### Printíseachtaí nua a seoladh in 2023

#### Talmhaíocht agus Gairneoireacht


Teicneoir Feirmeoireachta	Leibhéal 6	2 bhliain
Bainisteoir Feirmeoireachta	Leibhéal 7	2 bhliain
Teicneoir Scraithe Spóirt	Leibhéal 6	2 bhliain
Gairneoireacht	Leibhéal 6	2 bhliain

#### Foirgníocht

Ard-Suirbhéir Cainníochta	Leibhéal 9	2 bhliain
---------------------------	------------	-----------

#### Innealtóireacht

Teicneoir Innealtóireachta Sibhialta	Leibhéal 6	2 bhliain
Innealtóireacht Shibhialta	Leibhéal 7	3 Blíana



# **Scileanna Foirgniochta, Cáilíochta agus Glasa**

Tá an fhoireann Tógála, Cáilíochta, Scileanna Glasa freagrach as Safepass, an Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgniochta (CSCS) agus an Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéalaithe (QSCS) agus Scileanna Glasa a bhainistiú.

Tá an fhoireann gafa go hiomlán agus ag tacú leis na riachtanais scileanna sa todhchaí atá ailínithe le cláir Tithíocht do Chách, Gníomhú ar son na hAeráide agus larfheistithe an Rialtais.

## **> Oibríochtaí Safepass**

In 2023, rinne an fhoireann Safepass 123,404 cárta Safepass a phróiseáil agus a eisiúint agus dhéileáil siad le níos mó ná 8,000 glaoch ó oibrithe tógála ag lorg faisnéise agus tacaíochta. Chomh maith leis sin neadaigh foireann Safepass an córas malartach athnuachana Safepass dóibh siúd atá fostaithe san earnáil tógála atá ag iarraidh a gcártaí Safepass a athnuachan.

## **> Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgniochta (CSCS) agus Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéil (QSCS).**

In 2023, rinne foireann CSCS 25,704 cárta CSCS agus QSCS a phróiseáil agus a eisiúint, méadú 24.75 % ar 2022. Fuair agus phróiseáil foireann CSCS breis agus 300 iarratas ar Aitheantas Cáilíochta Gairmiúla (RPQ).

## **> Scileanna Glasa**

Déanann foireann Scileanna Glasa SOLAS maoiriú ar chur i bhfeidhm sainorduithe Náisiúnta agus Eorpacha lena n-áirítear beartas um Ghníomhaíocht Aeráide ar fud na hearnála FET, ní hamháin don tógáil, ach freisin i bhfuinneamh in-athnuaithe (ar tir mór agus amach ón gcósta, gréine PV), leictrea-shoghluisteachta, bithéagsúlacht, bainistiú mara agus dramhaíola.

Faoin bhfoireann Tógála, Cáilíochta agus Scileanna Glasa, rinneadh dul chun cinn in 2023 chun an chéad Pháirc Foirgniochta um Modhanna Nua-Aimseartha in Éirinn a bhunú in Mount Lucas le BOO Laoise agus Uíbh Fhailí.

Agus an clár Tithíocht do Chách á chomhlionadh, tá SOLAS ag bainistiú rolladh amach sé Fhoirgneamh Fuinnimh Beagnach Nialais (NZEB) i BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, BOO Chorcaí, BOO Laoise agus Uíbh Fhailí, BOO Luimnígh agus an Chláir, BOO Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma, agus BOO Phort Láirge agus Loch Garman. In R2 de 2023, osclaíodh ionad Barr Feabhas NZEB de chuid BOO Chorcaí go hoifigiúil.

I gcaitheamh 2023, leanadh le rannpháirtíocht geallsealbhóirí Scileanna Glasa ar fud an tionscail, an saol acadúil, agus na hearnála poiblí chun bearndai san oideachas agus san oiliúint a aithint. I mí Bealtaine 2023, d'oirbrigh SOLAS i gcomhar le BOO Laoise agus Uíbh Fhailí, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) chun clár oiliúna píolótach nua bithéagsúlachta a forbairt do chonraitheoirí atá ag obair i limistéir atá iógaí ó thaobh an chomhshaoil de. Tá SOLAS ag déanamh bainistiú tionscadail ar forbairt an chéad Láriónad náisiúnta um Chumas Soghluisteachta le haghaidh gach scile d'fheithicí leictreacha amach anseo le BOO an Longfoirt agus na hlarmhí. Ina theannta sin, glacann an fhoireann Scileanna Glasa páirt sa Ghrúpa Saineolaithe um Ghaoth Amach ón gCósta, faoi chathairleacht DFHERIS.

Leis an bhfócas ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr, bhí an fhoireann Scileanna Glasa ag labhairt ag imeachtaí ar nós "Scileanna don trasdul glas – d'Eoraip iomaíoch" Uachtaráinacht na Sualainne i Stócolm, agus comhdháil an Choimisiúin Eorpáigh "Making Skills Count" sa Bhruiséil, Idirphlé BMZ-UNEVOC in Bonn agus tugadh cuireadh do Scileanna Glasa SOLAS cur i láthair a dhéanamh maidir le "Bearnáí i mBeartas Oideachais Glas" ag COP 28 in Dubai i mí na Nollag.

Chuir oifig chlár na Scileanna Glasa clabhsúr leis an mbliaín 2023 trí chonradh sainchomhairleoireachta a bhronnadh chun an chéad Straitéis Náisiúnta a chruthú. Scileanna FET don Aistriú Glas. Leis an straitéis sin,

tabharfar na treoracha beartais aeráide éagsúla ón ríaltas le chéile agus forbróidh sí freagairt scileanna uatha agus straitéiseach comhtháite don earnáil FET.

## Fiontar, Fostaithe & Scileanna

Éascaíonn an tAonad Fiontar, Fostaithe agus Scileanna (ar a dtugtaí an tAonad Náisiúnta Nuálaíochta roimhe seo) nuálaíocht agus aistriú eolais san earnáil FET. Tá na réimsí seo a leanas san Aonad:

- Forbairt Fostaithe
- ríomhCholáiste
- Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT)

### > Scileanna le Dul ar Aghaidh

Le ceithre bliana anuas, chruthaigh agus sholáthair Scileanna le Dul ar Aghaidh deiseanna solúbtha uasoiliúna d'ardchaighdeán do bhréis agus 64,000 fostai i bhfórsa saothair na hÉireann, atá dírithe ar scileanna daoine fostaithe a fhorbairt. Díríonn sé orthu siúd a bhfuil leibhéal scileanna níos ísle acu, in earnálacha leocheileacha, daoine a bhfuil níos mó deiseanna de dhíth orthu chun a ngairmeacha beatha a chur chun cinn, chun a bhfostaíocht a choinneáil, chun díláithriú a sheachaint nó chun leas a bhaint as deiseanna fostáiochta atá ag teacht chun cinn. Tacaíonn sé freisin le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bhfuil cúnamh de dhíth orthu chun a lucht saothair a fhorbairt agus rinne na BOOnna ar fud na tire é a rolladh amach.

Cuireadh uasoiliúint ar bhréis agus 23,000 fostai in 2023 agus mhéadaigh Scileanna le Dul ar Aghaidh a raon chuiig níos mó fostóiri ach breis agus 2,000 clár uasoiliúna a sholáthar. Tarraingíonn an beartas seo ar fhís den ionad oibre in Éirinn ina mbreathnaítear ar uasoiliúint le linn do shaoil oibre mar ghnáthcheachtas agus tá dlúthcheangal aige le slándáil poist fheabhsaithe, tuilleamh níos airde, agus neamhspleáchas ag an obair d'fhostaithe.

Baineann gnólachtaí, idir bheag agus mhór, tairbhe as tárgiúlacht agus iomaiochas a bhfostaithe, an gheilleagair agus earnáil na tionsclaiochta dá bharr.

Leanadh den athrú a tháinig ar struchtúr fhórsa saothair na hÉireann le linn 2023 i dtimpeallacht ghnó a éilíonn fórsa saothair atá an-solúbtha. Chun a chinntíú gur féidir le hoibrithe an tsolúbthacht seo a bhaint amach, tá gá le huasoiliúint agus athoiliúint leanúnach, ní hamháin chun a gcuid cúramí reatha a chomhlionadh, ach chun tabhairt faoi dhúshláin oibre agus deiseanna nua chun poist a chothú agus chun gnó a fhás.

Stiúrann SOLAS comhoibriú leis na BOOnna, comhlachtaí fostóiri agus príompháirtithe leasmhara chun tionscnaimh spriocdhírithe cascáidithe réigiúnacha agus earnála a dhearadh, a fhorbairt agus a scaipeadh. Áiritear ar na tionscnaimh sin Ceannaireacht agus Bainistíocht, Ceannairí a Fhorbairt le haghaidh Fáilteachais agus Turasóireachta, agus sraith micreacháilíochtaí nua i Scileanna Glasá, Scileanna Digiteacha don Ghnó, Feirmeoireacht Uisce, Róbataic, Nuálaíoch Gnó agus Forbairt Margaidh. Chun rochtain ar oiliúint a mhéadú, curtEAR cúrsaí ar fáil i bpearsan agus tríd an bhfoghlaim cumaisc.

### > ríomhCholáiste

Is é an ríomhCholáiste an tseirbhís náisiúnta foghlama ar líne don FET a chuireann raon cúrsaí ar fáil thar réimsí digiteacha, Teicneolaíoch Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus gnó. Tá cúrsaí ríomhCholáiste go hiomlán ar líne, ar fáil ar bhonn leanúnach gan aon liostaí feithimh agus ceadaíonn siad amanna solúbtha chun cúrsaí a chur i gcrích. Is seirbhís foghlama ar feadh an tsaoil é ríomhCholáiste atá oscailte do gach duine fásta ar fud na hÉireann.

Chláraigh beagnach 25,000 duine ar an tseirbhís le linn 2023.

I measc na bpriomh-réimsí spéise bhí scileanna digiteacha, bainistiú tionscadail, scileanna gnó, agus réimse nua na hinbhuanaitheachta. Tá thart ar leath diobh siúd a chláraíonn ar chúrsaí

ríomhCholáiste i bhfostaíocht, rud a thugann aitheantas i measc foghlaimeoír do gach cineál foghlama ar líne mar mheán inmharthana d'fhorbairt ghairme agus d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

## > Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (FCT)

Chuir an fhoireann tacaíochta de chuid Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta i SOLAS tacaíocht leanúnach ar fáil do na BOOnna in 2023 chun cleachtais foghlama feabhsaithe teicneolaíochta a chomhtháthú, tugadh tacaíocht do bholenneagar Moodle FET, agus chuathas isteach i gcomhaontuithe earnála le haghaidh dearbhuithe agus bogearrai. Rinneadh athbhreithniú straitéisearch le moltaí maidir le suíomh agus struchtúr na foghlama digití ar fud FET sa todhcháí, agus mar thoradh air sin bhí Creat Foghlama Digiteach il-gheallsealbhóirí don FET le haghaidh comhairliúcháin agus le cur i bhfeidhm in 2024.

## Tacaíocht d'Foghlaimeoirí

Oibríonn Foireann Tacaíochta d'Foghlaimeoirí SOLAS lena chinntíú go dtugtar tacaíocht d'fhoghlaimeoír FET ar bhonn comhsheasmhach, le cur chuige i dtaobh dearadh uilíoch mar bhonn faoi fhorbairt agus seachadadh foghlama. Oibríonn an fhoireann le comhghleacaithe ar fud SOLAS agus le comhpháirtithe earnála chun a chinntíú go ndéanann BOO teagmháil le cách agus go dtacaíonn sé leis na grúpaí is leochairí sa tsochaí.

## > Ag Tacú leis an ionchuimsiú agus Éagsúlacht in FET

Cuireann an Straitéis FET 2020-2024 béim ar ionchuimsiú, ar scileanna agus ar chonairí do gach foghlaimeoír. Chun na haidhmeanna sin a bhaint amach, tá fócas láidir ar thacaíochtaí foghlaimeoíra níos comhsheasmháí a bhaint amach ar fud na hearnála FET. Is príomhgné é sin maidir leis an FET a dhéanamh níos ionchuimsithe agus inrochtana. Tá an obair seo ar aon dul leis na tosaíochtaí atá leagtha amach san Foghlaim a Athrú: Tuairiscionn Comhaontuithe Feidhmiochta Straitéisearcha 2022-

2024, go háirithe maidir le spriocanna a leagadh síos maidir le 'rannpháirtíocht a leathnú' in FET.

Le linn 2023, d'oibrigh an fhoireann Tacaíochta d'Foghlaimeoirí le comhpháirtithe earnála chun an cur chuige a glacadh a neartú chun tacaíochtaí comhsheasmhacha d'fhoghlaimeoír a chinntíú san earnáil FET agus é mar aidhm fhiorimlán 'eispéireas an foghlaimeoíra' a fheabhsú. Príomhtheachtaireacht is ea go bhfuil éiteas comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta mar bhonn agus mar thaca ag tacaíochtaí FET, agus raon leathan acu ó thacaíochtaí acadúla go tacaíochtaí sóisialta agus folláine.

Déanann an earnáil FET riachtanais gach foghlaimeoíra a mheas agus freastal orthu, lena n-áirítear iad siúd ó chúlra míbhuntáiste, daoine faoi mhíchumas, agus foghlaimeoír leochaileacha. Tá sé tábhachtach freisin go bhfuil an earnáil FET ar aon dul leis an raon leathan de bheartais ábhartha AE agus náisiúnta. Áirítear leis seo oibriú go dlúth le comhghleacaithe SOLAS chun ceanglais mhaoinithe a fhoirmí a iarrann ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus ar chomhpháirtithe earnála machnamh a dhéanamh ar bheartais ábhartha agus deachláchtas a chur chun cinn agus a neadú. Baineann na cleachtais seo le raon leathan réimsí mar sholáthar agus rochtain ar thacaíochtaí foghlaimeoíra ábhartha, tacaíochtaí míchumais, agus tacaíochtaí a bhaineann le meabhairshláinte agus folláine. Tá obair ag leanúint ar aghaidh freisin chun na treoracha earnála deachláchtas a neadú i réimsí na litearthachta, lena n-áirítear litearthacht agus foghlaim teaghlaigh, uimhearthacht, Béarla, cuimsíú foghlaimeoír faoi mhíchumas intleachta, agus Dearadh Uilíoch don Foghlaim.

## > Dearadh Uilíoch don Foghlaim in BOO

Is sraith prionsabal agus treoirlínte é Dearadh Uilíoch don Foghlaim (UDL) atá deartha chun bacainní ar theagasc agus ar foghlaim a laghdú agus é mar aidhm deiseanna comhionanna a thabhairt do gach foghlaimeoír chun go n-éireoidh leo. Cuidíonn UDL in FET le tacaíocht a thabhairt do chleachtóirí breisoideachais agus oiliúna chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht i gcothóirt foghlaimeoír agus chun bacainní ar foghlaim a laghdú trí sholúbthacht,

inrochtaineacht, guth agus rogha an fhoghlaiméora a fhí isteach i bhfabraic eispéisí foghlama FET, mar sin ag tacú le hionchuimsíú agus éagsúlacht inár gcorp foghlaimeoíri. Tá dul chun cinn suntasach á dhéanamh maidir le prionsabail agus treoirlínte UDL a leabú san Earnáil FET, tar éis fhoilsiú 'UDL for FET Practitioners: Treoir maidir le Dearadh Uilíoch don Foghlaim in FET na hÉireann a Chur i bhFeidhm in 2021.

Tá treoirlínte agus cleachtais UDL á neadú ar fud FET trí riachtanais mhaonithe bhliantúla agus is priomhchumasóiri cuimsithe iad laistigh de Chomhaontuithe Feidhmíochta Straitéiseacha SOLAS - BOO uile. Ar a bharr sin, tá raon deiseanna forbartha gairmiúla cui ar fail do chleachtóiri, trí chláir mar an Suaitheantas um Dhearradh Uilíoch don Teagasc agus Foghlaim. I gcomhréir leis an aidhm UDL a leabú ar bhealach a théann i bhfeidhm go hiomlánaíoch agus a fheabhsaíonn eispéireas iomlán gach foghlaiméora ar FET. In 2023 rinneadh clár píolótach maidir le Suaitheantas Digiteach Beyond the Classroom lena ndearnadh iarracht a chinntíú gur féidir leo siúd atá ag obair san earnáil FET nach bhfuil ag gabháil go direach do ghníomhaíocht mhúinteoirreachta prionsabail um Dhearradh Uilíoch a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.

Bhí foireann Tacaíochta Foghlama SOLAS páirteach in obair shubstaintiúil idirghníomhaireachta in 2023, agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar Chairt um Dhearradh Uilíoch a fhorbairt don earnáil treasach. Féachann an Chairt, atá le seoladh in 2024, le treochlár soiléir a sholáthar d'instiúidí oideachais chun dul chun cinn inbhuanaithe a dhéanamh i dtreo cur chuige an Dearaidh Uilíche a neadú go córasach.

## **Freagracht Shóisialta Chorparáideach le Inbhuanaitheacht Chorparáideach Shóisialta**

Le linn 2023, tá Freagracht Shóisialta Chorparáideach (CSR) SOLAS pléite agus athmhúnlaithe againn. Mar Eagraíocht, táimid tar éis oriúnú do shamhail Inbhuanaitheachta Corporáidi, ar a dtugtar 'Inbhuanaitheacht Chorparáideach

Shóisialta' (SCS)anois. Trínár SCS, táimid ag iarraidh páirt dhearfach a ghlacadh i mbaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe chun a chinntíú go bhfágaimid socháí níos fearr agus pláinéad níos inbhuanaithe inár ndiaidh amach anseo.

Léiríonn an t-achoimre seo a leanas roinnt dárbuaicphointí le haghaidh 2023:

- D'fhorbraiomar Samhail Folláine níos láidre lena gcinntítear go bhfuilimid dírithe ar shláinte mheabhrach, fhisiciúil, chomhshaoil, agus airgeadais.
- Thug ár bhFoireann Sinsearach Ceannaireachta faoi oiliúint meabhairshláinte le Mental Health First Aid Ireland, agus bhí an oiliúint seo i bhfeidhm freisin do gach ball fairne. Tá 23 Garchabhróiri Meabhairshláinte ag SOLAS faoi láthair.
- Tugadh cuireadh do gach ball fairne SOLAS freastal ar shraith seimineár gréasáin sláinte airgeadais i rith na bliana.
- San earrach agus san fhómhar in 2023, ghlac foireann SOLAS páirt i ndúshlán céimeanna foireann-bhunaithe.
- Ar deireadh, sa ráithe dheireanach de 2023 bhain SOLAS Marc Connigh Folláin IBEC amach - creidiúnú náisiúnta a aithníonn agus a cheiliúrann eagraíochtaí a chuireann sláinte agus folláine na bhfostaithe i gcroilár bheartas na cuideachta.

Lean ár gcomhpháirtíocht phobail le Cuibhreannas Lárchathrach Thoir Thuaidh (NEIC) ar aghaidh in 2023 nuair a rinneamar nasc direach lenár scoileanna comharsanachta agus lenár dtionscadail óige:

- Rinneamar óstáil ar Chlár Idirbhliana le scoileanna Oirthuaisceart Lár na Cathrach (NEIC) agus ghlacamar páirt ina gclár meantóireachta.
- Rinne SOLAS trealamh oriúnach don fheidhm a athchúrsáil agus reáchtáladh lá oibrithe deonacha bliantúil in ionad an Chabháin áit ar glanadh agus ar ullmhaíomar gairdíní glasrai le cur.

## > Tuarascáil ar Chaipiteal Daonna 2023



Tá Foireann na nDaoine i mbun an uaillmhian a chur i gcrích maidir le bheith ar cheann de na Rannóga AD Straitéiseacha is nuálai sa tSeirbhís Phoiblí trí infheistíocht a dhéanamh ina ndaoine agus trí ghniomhaiochtaí comhaontaithe a leagtar amach i Straitéis Daoine SOLAS 2020-2024 agus i bPlean Gnó Tras-Eagraíochta SOLAS do 2023.

Na príomhréimsí fócais d'Fhoireann na nDaoine in 2023:



Buaicphointí Fhoireann na nDaoine for 2023

77

**Feachtas Earcaíochta Críochnaithe in 2023, agus 18 gcinn eile ag céim na fógraíochta nó iaragallaimh - 95 feachtas ar an iomlán.**

Is ionráilthe nua iad **41** diobh sin lena n-áirítear printíseach inmheáinach nua Tháinig **55** duine isteach (lena n-áirítear baill foirne nua, baill foirne ar iasach agus baill foirne a bhí ag filleadh)

**22** ardú céime a neartaigh cleachtais forbartha an lucht saothair

**16** shos gairme/éíri as próiseáilte

3

**Phríomhghradam agus gearriostú in 2023**

Bronnadh Gradam Cré-umha na n-infheisteoirí san Éagsúlacht, Marc Bí Folláin IBEC ar SOLAS agus cuireadh ar an ngearriosta é do dhá chatagóir sna Gradaim Náisiúnta um Éagsúlacht agus Ionchuimisiú - Ionchuimisiú Sóisialta a Chur chun Cinn agus Eagraíochta Earnála Poiblí na Blíana.

38,817

**Glaoch** (trí go leor pointí rochtana) ón bpobal ar fud na n-aonad gnó SOLAS go léir a láimhseáil foireann Switch SOLAS in 2023 agus táthar ag súil le fás arís in 2024.

72

Líon na mball foirne a oileadh mar **Gharchabhróirí agus mar Mhaoir Dóiteáin** in SOLAS.

Oileadh **20** ball foirne mar Gharchabhróirí Meabhairshláinte

Oileadh **31** ball foirne mar Gharchabhróirí Coirp

100%


Cur chun feidhme iomlán **Bheartas Oibre Cumaisc SOLAS**, le rannpháirtíocht 100%. Déanfar meastóireacht ar B1 i R1 2024.

10

**Nuashonrú Beartais in 2023**

Labhairt amach, Saoire Bhliantúil, Soghluaisceacht, Teilea-oibriú, Saoire Thuismitheoirí, Bainistíocht Feidhmíocha, Gearán, Araíonacht, Promhadh, Dualgas Earnála Poiblí

# Foireann na nDaoine



Agus gan dearmad a dhéanamh ar an ngníomhaíocht eile go léir:



## SOLAS mar Eagraíocht Foghlama







# Colún Straitéiseacha agus Fócas Leanúnach 2023:

Colún Straitéiseacha na Straitéise i leith Daoine		
Colún Straitéiseach 1: Ag cur feabhas ar an Obair	Colún Straitéiseach 2: Timpeallacht a chruthú chun go dtiocfaidh tallann faoi bhláth	Colún Straitéiseach 3: Cultúr barr feabhas a fhorbairt a dhaingníonn bród as SOLAS
Príomhréimsí Fócais		
<ul style="list-style-type: none"><li>- Rannpháirtiocht a Threisiú</li><li>- Folláine a Chur Chun Cinn</li><li>- Rogha Fostóir</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>- Daoine a fhorbairt</li><li>- Tacú le Feidhmíocht</li><li>- Tá rath ar an rath</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>- Athrú a Cheiliúradh</li><li>- Sáreispíreas Fostaithe</li><li>- Éagsúlacht &amp; Ionchuimisiú</li></ul>
<ul style="list-style-type: none"><li>- Creat Beartas &amp; Nósanna Imeachta</li><li>- Suirbhé ar Rannpháirtiocht Fostaithe SOLAS</li><li>- Straitéisí Folláine SOLAS</li><li>- Freagracht Shóisialta Chorparáideach</li><li>- Feabhsú Earcaíochta &amp; Roghnúcháin</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>- Próiseas Feidhmiochta &amp; Forbartha</li><li>- Acadamh d'Fhoghlaimeoiri SOLAS: Straitéis Foghlama &amp; Forbartha</li><li>- Samhail Traenála SOLAS</li><li>- Córás Bainistiochta Foghlama</li><li>- Feabhsú Pleanála i dtaobh Comharbais (Bainistiocht Tallainne)</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>- Ceanglais i dtaobh Dualgais Earnála Poiblí</li><li>- Cur Chuige atá Treoraithe ag Luachanna</li><li>- Straitéis Éagsúlachta &amp; Ionchuimisithe</li><li>- Creat Bainistiochta i dtaobh Athruithe</li></ul>
Príomhcholún Chumasúcháin: Forbairt chun Ceannaireacht a Thabhairt		
Príomhréimsí Fócais		
<ul style="list-style-type: none"><li>- Athnuachan Struchtúir</li><li>- Ceannairí Ceannródaíocha</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>- Sárhbainisteoirí Daoine</li><li>- Acmhainní Daonna Straitéiseach - Compháirtiocht le haghaidh feidhmíochta</li></ul>	<ul style="list-style-type: none"><li>- Athstruchtúr/Athnuachan Eagrúcháin Bealaí chun Oibriú (Plean Lucht Saothair)</li><li>- Córás Tacaiochta i dtaobh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach sheachtrach</li><li>- Creat Tacaíochta do Sholáthar Seachtrach Foirne</li><li>- Struchtúr Fhoireann na nDaoine</li><li>- Struchtúr Compháirtiochta Gnó Straitéisigh</li><li>- Clár Forbartha um Cheannaireacht na mBan</li><li>- Siorfheabhsú</li><li>- Tomhas &amp; Measúnú</li></ul>

**AN BEARNA  
PHÁ IDIR NA  
hINSCNÍ IN  
SOLAS  
2022-2023**

Don tréimhse Meitheamh 2022 - Meitheamh 2023, ba é 3.97% (airmheán) an Bhearna Phá idir na hInscní in SOLAS. Bhí sé sin bunaithe ar 191 ball foirne lánamseartha agus 25 ball foirne páirtaimseartha, arbh mhná 133 diobh agus arbh fhir 83 diobh.





# Rialachas Corparáideach

## > Sainordú Reachtaíochta

Bunaíodh SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna) – an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna ar an 27 Deireadh Fómhair 2013 faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, tá feidhmeanna ginearálta de chuid SOLAS sainithe mar seo a leanas:

- (a) straitéis maidir le soláthar BOO a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.
- (b) tuiscint ar luach BOO a chur chun cinn.
- (c) dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialaí, leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le fostóirí ó am go ham ar mhaithé le cinneadh a dhéanamh maidir le cé hiad na cláir bhreisoideachais agus oiliúna nó cé hiad na haicmí de na cláir BOO ar cheart don tSeirbhís airgead a thabhairt ar airleacan dóibh.
- (d) réamhíocaíocht a dhéanamh ar airgead leis na BOOnna agus comhlachtaí eile atá i mbun cláir FET a sholáthar.
- (e) oiliúint agus atholiúint le haghaidh festaíochta a sholáthar, nó socrú a dhéanamh chun an oiliúint sin a sholáthar agus cabhair is comhordú a dhéanamh ar oiliúint den sórt sin a sholáthar trí bhíthin daoine nach den tSeirbhís iad.
- (f) measúnú a dhéanamh ar BOOnna agus comhlachtaí eile atá i mbun cláir FET a sholáthar, agus a bhfuil airgead tugtha ar airleacan dóibh, lena fháil amach an dtéann nó nach dtéann siad i mbun an chúraim seo ar bhealach eacnamaíoch, éifeachtúil agus éifeachtach.

(g) socrúchán daoine de cibé aicme nó aicmí daoine a d'fhéadfadh a bheith luaite go sonrach ag an Aire Coimirce Sóisialaí tar éis dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Scileanna a chur chun cinn, a spreagadh agus a éascú, i gcomhthéacs cláir BOO a mhaoinitear, go hiomlán nó go páirteach, as airgead poiblí.

- (h) comhoibriú a chothú idir BOOnna agus comhlachtaí eile atá i mbun cláir FET a sholáthar.
- (i) comhionannas deiseanna a chur chun cinn i dtaca le BOO a sholáthar.
- (j) cláir BOO nua agus cláir atá ann cheana a phorbairt agus a éascú, lena n-áirítear córais a bhunú atá deartha chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an oideachais agus na hoiliúna atá i gceist lena chinntíú go bhfuil na cláir sin oiriúnach dá bhfeidhm.
- (k) oiliúint a chur ar fáil, nó cabhrú le hoiliúint a chur ar fáil, oiliúint do dhaoine a bhfuil sé de chúram orthu cláir BOO a sheachadadh a bhfuil airgead faighte ón tSeirbhís acu ina leith faoi roinn 21.
- (l) taighde a dhéanamh, nó a fhéachaint chuige go ndéanfar taighde maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhise; agus
- (m) comhairle a thabhairt don Aire maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhise.

I dtéannta a chroi-fheidhmeanna arna sainiú faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, tá freagracht reachtúil ar SOLAS freisin as Printíseacht agus cláir a bhaineann le tógáil, i.e. Safepass, Scéim Deimhnithe Scileanna Foirgníochta (CSCS) agus an Scéim Deimhnithe Scileanna Cairéalaithe (QSCS).

## Cód Cleachtais chun Comhlactaí Stáit a Rialú

Tháinig Cód Cleachtais chun Comhlactaí Stáit a Rialú 2016, a ghlac ionad chód 2009, i bhfeidhm i Meán Fómhair 2016. Tá glactha leis ag SOLAS agus tá próisis bunaithe lena chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid á gcomhlíonadh ag gach gné d'oibríochtaí SOLAS.

### > Comhaontú Soláthair Feidhmíochta

Tá comhaontú soláthair feidhmíochta bliantúil ag SOLAS leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta lena leagtar amach: ról agus feidhmeanna na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus SOLAS faoi seach maidir le breisoideachas agus oiliúint; ceangaltais seirbhise; rialachas corporáideach agus creat cuntasachta airgeadais; agus socrutithe monatóireachta agus tuairiscithe.

### > Sláinte, Sábháilteacht agus Leas

Comhlíonann SOLAS a fhreagrachtaí reachtúla faoin Acht um Shláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair 2005 agus gach rialachán faoin Acht seo. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil a chur ar fáil dár bhfoireann agus claint ar fad agus ár bhfreagrachtaí i leith daoine eile a chomhlíonadh, lena n-airítear baill den phobal a bhféadfadh tionchar a bheith ag ár n-oibríochtaí orthu. Comhordaíonn agus cinníonn foireann bainistíochta SOLAS comhlíonadh lena Ráiteas Beartais Sábháilteachta trí chur chun feidhme an Chórais Bainistíochta Sábháilteachta ar fud na heagraíochta.

### > Bainistiú Riosca

Tá SOLAS, trína Bheartas Bainistíochta Riosca, tiomanta do chur chun feidhme creat comhtháite, éifeachtach, agus éifeachtúil chun

riosca a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sé cur chuige réamhgħnionħach agus struchtúrtha chun na rioscaí a bhfuil ar an eagraíocht déileál leo a shainaithint, a bhainistiú agus a thuairisciú. I ndeireadh na dála, tá Bord SOLAS freagach as bainistíocht riosca faoin gCód Cleachtais chun Comhlactaí Stáit a Rialú (2016). Tá údarás tarmligthe ag an mBord don Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca i dtaca le monatóireacht, athbhreithniú, ceistí agus maoirseacht Chreat agus Phróiseas an Bhainistíochta Riosca. Tá rioscaí suntasacha sainaitheanta don eagraíocht doiciméadaithe i gClár Rioscaí Chorparáidigh SOLAS agus mar chuid den Phróiseas Bainistíochta Riosca, déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú ar an gClár Rioscaí Chorparáidigh ar a laghad dhá uair sa bláin, agus cuirtear faoi bhráid an Bhoird é lena athbhreithniú uair amháin sa bláin ar a laghad.

### > Cosaint Sonrai

Tá Achtanna um Chosaint Sonrai 1998, 2003, agus 2018/Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonrai deartha chun cearta agus cosaintí a thabhairt do dhaoine maidir le próiseáil a sonrai pearsanta. Soláthraíonn na hAchtanna roinnt cearta do dhaoine aonair maidir lena sonrai pearsanta atá i seilbh Rialaitheoir Sonrai agus/nó Próiseálaí. Tá beartais agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag SOLAS chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an reachtaíocht go hiomlán.

Tá SOLAS tiomanta do phróiseáil Dhleathach, Chothrom agus Thrédhearcach Shonrai Pearsanta Ábhar Sonrai trí úsáid a bhaint as bearta oiriúnacha teicniúla agus eagraíochtúla. Déanfaidh SOLAS gach céim réasúnach chun Sonrai Pearsanta Ábhar Sonrai a shlánú agus a chosaint le linn dó an Dlí Cosanta Sonrai a chomhlíonadh. I measc na gcéimeanna a glacadh chun sonrai pearsanta na nÁbhar Sonrai a shlánú airítear ceapadh Oifigeach Cosanta Sonrai; oiliúint foirne a sholáthar maidir le cosaint sonrai; fógraí priobháideachta a ullmhú; conarthai próiseála trí pártí agus comhaontuithe neamhnochta i leith gníomhaíochtaí SOLAS; ullmhú beartas agus

nósannaimeachta Rialacháin Ginearálta maidir le Cosaint Sonrai lena n-áirítear Fógra um Chosaint Sonrai; Beartas i dtáobh Cosaint Sonrai; Fógra Príobháideachta Poiblí; Nósannaimeachta um Chosaint Sonrai Ábhar Sonrai agus forbairt agus forfheidhmiú chlár comhlíontach an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonrai.

## > Acht um Nochtadh Cosanta 2014

Bhunaigh SOLAS cainéil agus nósannaimeachta tuairiscithe immheánacha agus sheachtracha i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta 2014-2023. In 2023, fuair SOLAS ceithre thuarascáil na Nochtuithe Cosanta, agus d'fhiosraigh siad gach ceann dióbh. Foilsítear tuilleadh sonrai ar shuíomh gréasáin SOLAS.

## > Ráitis Beartais ar Éifeachtúlacht Fuinnimh agus ar an gComhshaol

I mí an Mheithimh 2001, d'eisigh an Rialtas meabhrán a chuir mar cheangal ar gach Gníomhaireacht Stáit achoimre a thabhairt, ina dTuarascáil Bhliantúil, ar na bearta atá idir lámha acu d'fhonn úsáid fuinnimh a laghdú, áit a bhfuil siad freagrach as áitreabh nua nó a bhfuil athchóiriú mór déanta ar fhoirgnimh agusd/ nó i bhfoirgnimh a bhfuil siad lonnaithe ann. Faoin Ionstraim Reachtúil (SI) 542 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtacht fuinnimh na críochúsáide agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009, tá oibleagáidí faoi leith ag an earnáil phoiblí maidir le húsáid fuinnimh a thuairisciú.

Tá SOLAS tiomanta ó thaobh cur le cogilteas fuinnimh éifeachtach infhíoraithe de 50% a bhaint amach san Earnáil Phoiblí faoi 2030 i gcomhréir le Straitéis Éifeachtúlachta Fuinnimh na hEarnála Poiblí. I gComhpháirt le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), déanann SOLAS a úsáid fuinnimh a thuairisciú go gníomhach chomh maith le monatóireacht a dhéanamh uirthi, agus cuireann sé straitéisí agus bearta i bhfeidhm chun cogilteas spriocdhírithe a bhaint amach agus an sprioc maidir le sin a shárú fiú, nuair is féidir.

Glacann SOLAS lena fhreagracht ó thaobh deimhin a dhéanamh de tionchar a gcuid oibríochtaí agus gníomhaíochtaí ar an timpeallacht áitiúil agus níos faide i gceín a laghdú a oiread agus is féidir. Tríd an gCóras Bainistíochta Dramhaiola, agus i gcomhar leis an gConraitheoir Bainistíochta Dramhaiola, tá gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm ag SOLAS a chinntionn go mbaintear ardleibhéil amach ó thaobh athchúrsála dramhaiola de, chomh maith le híoslaghdú a dhéanamh ar an méid dramhaiola a chuirtear chuig an láithreán lionadh talún.

Tá SOLAS tiomanta do dhea-chleachtas i dtaca le feasacht comhshaoil agus cleachtais soláthair atá neamhdhíobháilach don timpeallacht, chomh fada agus is féidir.

Leanfar ar aghaidh le tosaiochtaí na bliana 2023 in 2024 lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar chostais fuinnimh chomh maith le hiad a rialú, iniúchadh fuinnimh, béim ar éifeachtúlachtaí agus coigilt fuinnimh nuair atá trealamh á fháil agus Dearadh Éifeachtúlachta Fuinnimh a chur i bhfeidhm maidir le haon tionscadal ábhartha a thagann chun cinn.

## > SOLAS – Dualgas i leith Chomhionannas agus Chearta Daonna na hEarnála Poiblí

Leagann Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí (an Dualgas) oibleagáidí reachtúil ar chomhlachtaí poiblí fáil réidh le leithcheal, chomh maith le comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cosaint a dhéanamh ar chearta daonna ina gás siúd a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus baill foirne le linn dóibh a bheith i mbun a gcuid oibre ó lá go lá.

I mí lúil 2021, thug SOLAS faoi aistear chun a oibleagáidí maidir le Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i gcrích. Oibríonn meitheal tras-eagraíochta ar a bhfuil seacht mball foirne déag as na trí Rannán, i gcomhar le Saotharlann Luachanna, chun an Dualgas a dhaingniú in SOLAS. Tá trí chéim sa phróiseas chun an Dualgas a chur i bhfeidhm – Measúnú, Dul i nGleic agus Tuairisciú ar bhonn bliantúil.

Chuireamar lenár measúnacht tosaigh in 2023 agus thugamar aghaidh ar na bearta a sainaithníodh i gcaitheamh 2023. Beidh an Tuarascáil maidir le Gníomhartha le haghaidh 2023 ar fáil ar [www.solas.ie](http://www.solas.ie).

### **Ba iad na príomhgníomhartha a sainaithníodh do 2023 ná:**

- Forbairt plein i ndáil le Straitéis Litearthachta d'Aosaigh don Saol.
- Sainaithníodh ceithre bheartas Acmhainní Daonna breise lena n-athbhreithniú agus cuireadh chun cinn iad: Comhdheisceanna, Bainistiú Feidhmiochta, Casaoide agus Promhadh.
- Straitéis Chumarsáide SOLAS a ullmhú chun céimeanna a áireamh chun an Dualgas a chur i bhfeidhm.
- Rinneadh Teimpléad Bhliantúil Tuairiscithe do Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) a nuashonrú i ndáil leis an Dualgas.
- Leag an tSamhail Mhaoinithe FET nua do Bhoird Oideachais agus Oiliúna béim ar an gceanglas atá ar BOOnna maidir leis an Dualgas.
- Chuathas i dteagmháil leis an Oifig Náisiúnta Printíseachta maidir leis an Dualgas a chur i bhfeidhm ina seirbhís.

### **Gníomhartha thart ar phríomh-phróisis:**

- Díreofar aird ar an Dualgas mar chuid den phróiseas athbhreithnithe meántéarmach ar Chomhaontuithe Straitéiseacha Feidhmiochta le BOOnna.
- Chuireamar le gníomhartha a glacadh i bpróisis Soláthair in 2023.
- Chuireamar le gníomhartha a glacadh i gcórais cúnaimh deontais in 2023.
- Chuireamar túis le forbairt teimpléad chun an Dualgas a ionchorprú le príomhphróisis phleanála SOLAS.
- Rinneamar tuairisc ar phríomh-dhoiciméid Dualgais agus d'fhoilsíomar iad go poiblí ar [www.solas.ie](http://www.solas.ie).

## **Ár Straitéis Timpeallachta, Sóisialta agus Rialachais (ESG)**

Tá SOLAS tiomanta do thionchar dearfach comhshaoil a bheith aige agus ár dtionchar pobail a mhéadú, ag déanamh rogha fostóra do SOLAS agus ag coinneáil ardchaighdeáin Rialachais Chorparáidigh. Creidimid go mbeidh tionchar marthanach agus dearfach ar ár bpobal áitiúil agus ar ár bpobal níos leithne mar thoradh ar éifeacht charntha ár n-iarrachtaí Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (ESG) ag cinntíú comhionannas do chách agus ag cruthú deiseanna laethúla chun maireachtáil inbhuanaithe a dhéanamh coitianta ar fud na tíre le haghaidh na bhfoghlaimeoí, na bpobail agus na nghólachtaí uile. Tá na príomh-cheisteanna seo a leanas sainaitheanta ag SOLAS, agus beidh na ceisteanna seo mar bhonn ag ár straitéis ESG. Airítear an méid seo a leanas i measc na 10 saincheist ESG sin:

### **Saincheisteanna Comhshaoil**

- Plean Gníomhaithe Athraithe Aeráide
- Saincheisteanna Tionchar ar an gComhshaoil
- Straitéis agus Scileanna Aeráide

### **Saincheisteanna Sóisialta**

- Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsíú
- Bua agus Cultúr: Rannpháirtíocht Foirne
- Rannpháirtíocht Pobail
- Eispéireas Foghlaimeora

### **Rialachas**

- Rialachas Corparáideach agus Eitic
- Cosaint Sonrai
- Bainistiú Riosca

## > Tosaíochtaí Straitéiseacha ESG SOLAS

- **Athrú Aeráide:** Déanfaimid plean gníomhaíochta um athrú aeráide cuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a leagfaidh amach spriocanna soiléire, amlínte agus straitéisí chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú. Déanfaimid infheistíocht i bhfoinsí fuinnimh inathnuaithe agus i dteicneolaíochtaí atá tiosach ar fhuinneamh chun ár lorg carbóin a ioslaghdú agus déanfaimid monatóireacht agus tuairisciú rialta ar dhul chun cinn ár dtionscnaimh um ghniomhaíocht aeráide.
- **Tionchar ar an gComhshaol:** Déanfaimid measúnuithe tionchair timpeallachta chun réimsí feabhsaithe a aithint, cuirfimid bearta i bhfeidhm chun giniúint dramhaíola a laghdú, athchúrsáil agus caomhnú acmhainní a chur chun cinn agus comhoibreoirímid le geallsealbhóirí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhshaoil i dteannta a chéile.
- **Straitéis agus Scileanna Aeráide:** Cuirfimid cláir oiliúna agus forbartha ar fáil chun cur le scileanna agus eolas na bhfoghlaimeoíri a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó. Spreagfaimid nuálaocht agus taighde i gcleachtais agus teicneolaíochtaí inbhuanaithe, agus cothóimid comhpháirtíochtaí le hinstiúidí oideachais chun oideachas agus feasacht comhshaoil a chur chun cinn.
- **Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú:** Cothóimid cultúr éagsúlachta, comhionannais agus ionchuimsitheachta laistigh den eagraíocht agus cuirfimid beartais agus cleachtais chun feidhme a chuireann deiseanna comhionannas do na fostaithe uile chun cinn, beag beann ar chine, inscne, nó aois. Cruthóimid gréasáin tacaíochta agus cláir mheantóireachta chun cumhacht a thabhairt do ghrúpaí a bhfuil tearcionadaíocht acu.
- **Bua agus Cultúr/Rannpháirtíocht**  
**Foirne:** Tabharfaimid tosaíocht d'fholláine agus do shástacht na bhfostaithe trí thionscnaimh mar shocruithe oibre solúbtha, cláir folláine, agus deiseanna forbartha gairmiúla. Spreagfaimid cumarsáid oscailte agus cainéil aiseolais chun rannpháirtíocht agus meanma na foirne a choinneáil ard agus tabharfaimid aitheantas agus cíuteamh d'fhostaithe a léiríonn tiomantas den scoth dár luachanna ESG.
- **Rannpháirtíocht Pobail:** Bunóimid comhpháirtíochtaí le pobail áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid riachtanas agus imni; tacú le tionscadail forbartha pobail atá thíre ar oideachas, forbairt agus dul chun cinn agus spreagadh a thabhairt d'fhostaithe go deonach agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh phobail.
- **Eispéireas Foghlaimeora:** Cuirfimid feabhas ar an eispéireas foghlama do gach páirtí leasmhar trí chláir oideachais agus oiliúna atá inrochtana, cuimsitheach agus ardchaighdeáin a sholáthar; trí phrionsabail agus cleachtais inbhuanaitheachta a ionchorprú sa churaclam chun foghlaimeoíri a ullmhú do dhúshláin na hinbhuanaitheachta agus déanfaimid measúnú agus feabhas leanúnach ar éifeachtacht ár dtairiscintí oideachais bunaithe ar aiseolas agus meadaracht feidhmíochta.
- **Rialachas Corparáideach agus Eitic**  
Coinneoimírd ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh agus iompair eiticiúil ar fud gach leibhéal den eagraíocht; tréadhearcacht agus cuntasacht a áirithíú i bpróisis cinnteoireachta agus athbhreithniú agus nuashonrú rialta a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta chun ailiniú le cleachtais is fearr agus ceanglais dhílíthiúla.

- **Cosaint Sonraí:** Cosnóimid príobháideacht agus rúndacht sonraí na n-ábhar sonraí trí bhearta láidre um chosaint sonraí; cloí le rialachán agus caighdeáin ábhartha um chosaint sonraí agus oideachas a chur ar fhostaithe agus ar ábhair sonraí faoina gcearta agus a bhfreagrachtaí maidir le príobháideacht sonraí.
- **Bainistiú Riosca:** Déanfaimid rioscái agus deiseanna a bhaineann le gnó a shainainthint, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hathrú aeráide, saincheisteanna sóisialta, agus rialachas, agus déanfaimid measúnú ar na rioscái sin; forbróimid straitéisí maolaithe riosca chun tionchair dhiúltacha ionchasacha a íoslaghcdú agus leas a bhaint as deiseanna agus déanfaimid breithnithe ESG a chomhtháthú inár gcreat bainistíochta riosca foriomlán agus inár bpróisis cinnteoireachta.

## > Cur Chun Feidhme Straitéis ESG

Ag eascairt as na tosaíochtaí straitéiseacha sin, forbróidh gach aonad gnó Priomhtháscairi Feidhmíochta (PTFanna) do gach saincheist ESG chun ligean dúinn dul chun cinn agus feidhmíocht a rianú.

Is í foireann SOLAS Green a spreagfaidh an inbhuanaitheacht agus tuairisceoidh siad don bhainistíocht shinsearach ar bhonn rialta sainithe. Beidh an bainistiú fuinnimh ina phríomhghnáe de shainchúram na Foirne Glas. Le deashampla a thabhairt, beidh tionchar ag an bhFoireann Ghlas ar chomhghleacaithe chun tiomantas a thabhairt d'obair agus maireachtáil go hinbhuanaithe agus beidh tionchar aici ar chinnteoireacht ionas go mbeidh critéir aeráide agus comhshaoil chun tosaigh. Feidhmeoidh an fhoireann Glas de réir cairte comhaontaithe agus beidh an struchtúr agus na hacmhainní cui aici le priomhról a mbeidh foireann chuí acu agus áireofar leo fostaithe ó fheidhmeanna éagsúla na heagraíochta agus ó raon leathan leibhéal gráid.

Cuirfidh SOLAS nuashonruithe agus tuarascálacha rialta ar fáil do pháirtithe leasmhara maidir lenár dtionscnaimh, éachtaí agus dúshláin ESG.

Cothóimid cultúr feabhsúcháin agus nuálaíochta leanúnaí trí aiseolas a lorg ó pháirtithe leasmhara agus déanfaimid ár straitéis a oiriúnú dá réir.

Déanfaimid ár straitéis ESG a ailíniú lenár straitéis chorparáideach agus ár bpleannanna gnó.

## > An tAcht um Eiticí in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001

Tháinig SOLAS faoi réir an Acharta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoi réir an Acharta um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, 2001 le héifeacht ón 29 Eanáir 2015.

## > Acht um Shaoráil Faisnéise (FOI), 2014

Baineann forálacha an Acharta um Shaoráil Faisnéise, 2014 le SOLAS. Bunaítear trí cheart reachtúla faoin Acht:

- Ceart dlíthiúil ag gach duine teacht ar fhaisnéis bailithe ag comhlachtaí poiblí.
- Ceart dlíthiúil ag gach duine faisnéis oifigiúil a bhaineann leo féin a leasú i gcás ina bhfuil sé neamhionlán, mícheart nó míthreorach, agus
- Ceart dlíthiúil ag gach duine fios a bheith acu faoi na cúiseanna taobh thiar de chinntí bainteach leo.

In 2023, fuair SOLAS 10 iarratas ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

## > Acht na dTeangacha Oifigiúla




Achtaíodh Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú 2021 (Acht 2021) i mí na Nollag 2021, chun athruithe ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (Acht 2003) a thabhairt isteach.

Le linn 2023, théadh SOLAS i mbun teaghála go rialta leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus leis an gCoimisinéir Teanga chun a chinntiú go bhfuil SOLAS ag cloí leis na ceanglais atá leagtha amach san Acht.


## > An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá bord SOLAS go hiomlán freagrach as conas a dhéanann an eagraíocht an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997, a chomhlíonadh. Thug Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála, 2012) isteach leasuithe nach beag ar an gceanglas um Íoc Pras faoi mar atá san Acht.

D'fhág an Bord an fhreagracht seo faoi lucht bainistiochta SOLAS. Cuimsíonn an córas um rialú inmheánach airgeadais a leithéid de rialuithe agus nósanna imeachta a mheastar a bheith riachtanach chun comhlíonadh an Actica a chinntiú. Mar chuid de chóras rialuithe inmheánacha na heagraíochta tá rialuithe cuntasáiochta agus ríomhaireachta atá deartha sa chaoi is go n-aithníonn siad na sonraisc agus na conarthai atá le hioc laistigh de na dátaí íocaíochta atá leagtha síos. Dearadh na rialuithe seo sa chaoi is gur féidir a bheith réasúnta cinnte, cé nach féidir a bheith céad faoin gcéad cinnte, go seachnófar neamhchomhlíonadh an Actica. Is deimhin leis an mBord gur, le linn 2023, chloigh SOLAS le forálacha an Actica i ngach cás ábhartha. Sa ionlán, iocadh suim de €1,123.95 maidir le pionóis úis a gearradh de bharr íocaíochta a bheith déanach.



## > Bord SOLAS



**Seán Aylward**

Iar-Ard-Rúnaí sa Roinn Dlí agus  
Cirt agus Iar-Phríomhoifigeach  
Feidhmiúcháin ag Comhairle  
Bharra na hÉireann



**Siobhan O'Shea**

Stiúrthóir, Indeed



**Kevin Marshall**

Ceann Foghlama &  
Scileanna, Microsoft  
Éireann



**Orla Coughlan**

Comhairleoir Bainistiochta  
agus Stiúrthóir  
Neamhfheidhmiúcháin



**Paul Cremmins**

Iar-Stiúrthóir, Innealtóireacht na  
Siúire



**Yvonne McNulty**

Comhpháirti, Brightwater  
Executive



**Niamh O'Reilly**

Ceann Foirne, Ollscoil Mhá  
Nuad



**Catrina Sheridan**

Bunaitheoir, Cathaoirleach  
Neamhfheidhmiúcháin,  
Nafasi



**Niall O'Donnellan**

Comhairleoir Straitéise  
Neamhspleách



**Sheila Gallagher**

Priomhoifigeach Airgeadais,  
Coláiste Ríoga Lianna na  
hÉireann



**Andrew Brownlee**

Priomhoifigeach  
Feidhmiúcháin SOLAS  
(de bhri oifige)

## Athruithe le linn 2023

Tar éis deireadh a chur le téarma oifige ceathrar (4) chomhalta Boird i mí Dheireadh Fómhair 2022, ceapadh beirt (2) chomhalta nua Sheila Gallagher agus an tUasal Niall O'Donnellan ar Bhord SOLAS ar 1 Meitheamh 2023.

Tá dhá fholúntas fós ann ach lean iarrachtaí ar aghaidh in 2023 a thugann an líon iomlán suas go dtí 13 chomhalta in 2024.

## > Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Cuirtear an Ráiteas Rialachais agus tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird i láthair i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 agus le treoirlinte a eisíodh i mí na Samhna 2017.

## > Rialachas

Bunaíodh Bord SOLAS faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013. Leagtar amach feidhmeanna SOLAS in ailt 7, 8 agus 9 den Acht. Leagtar amach feidhmeanna an Bhoird i Sceideal na nÁbhar atá forchoimeádta don Bhord. Tá an Bord freagrach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntí. Téann sé i mbun an taisc seo trí chuspóirí straitéiseacha agus spriocanna a shocrú agus cinní straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach croícheist ghnó. Is faoin POF agus foireann cheannaireachta shinsearach SOLAS atá sé SOLAS a bhainistiú, a rialú, agus a stiúradh ar bhonn laethúil. Leanann an POF agus foireann cheannaireachta shinsearach SOLAS an treo straitéiseach ginearálta atá leagtha síos ag an mBord agus déanann siad deimhin de gur ríléir do Chomhaltaí uile an Bhoird na príomhghníomhaíochtaí agus cinní a bhaineann leis an eintiteas agus aon riosca suntasach a d'fhéadfadh titim amach. Feidhmíonn an POF mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta SOLAS.

## > Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird i Sceideal na nÁbhar atá forchoimeádta don Bhord. Is iad na nithe leanúnacha a dhéanann an Bord iad a mheas ná:

- leasanna a dhearbhú,
- tuarascálacha ó choistí;
- tuarascálacha airgeadais/cuntas bhainistíocha,
- tuarascálacha feidhmíochta, agus
- ábhair fhorchoimeádta.

Faoi Alt 31(1) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013, tá sé de dhualgas ar Bhord SOLAS na cuntas go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar airgead a fhaigheann sé agus a chaitheann sé i gcibé foirme a cheadóidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Soláthair PFN agus Athchóirithe. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar Bhord SOLAS:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach.
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar.
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh sé i mbun gnó, agus
- a rá cé acu a leanadh caighdeáin chuntasaíochta infheidhme nó nár leanadh, ag brath ar aon athrú ábhartha a nochtadh agus a tugadh míniú faoi sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta fhóntha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am faoi leith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntí go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 31(2) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna, 2013.

Faomhadh buiséad SOLAS 2023 ag an mBord ag an gcruiinníú a bhí aige ar an 23 Márta 2023.

Tá an Straitéis Breisoideachais agus Oiliúna 2020-2024 mar bhonn faoin réasúnaíocht do mhaioniú BOOanna agus earnáil an Bbreisoideachais agus Oiliúna tríd is tríd. Cuirtear ar fáil i bPlean Corparáideach SOLAS 2021-23, a leag amach réimse cuspóirí náisiúnta earnála le haghaidh soláthar FET a comhaontaíodh leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, creat sa bheiris maidir le forbairt soláthair FET. Bunaíodh Comhaontuithe Straitéiseacha Feidhmíochta idir SOLAS agus gach ceann de na sé BOO déag chun an comhthéacs, na tosaiochtaí straitéiseacha agus ionchuir aonair na BOONna a leagan amach chun cuspóirí earnála náisiúnta a bhaint amach thar tréimhse na straitéise. D'fhaomh an Bord cur chuige chuíg soláthar FET 2023 agus an buiséad gaolmhar ag an gcruiinníú a bhí aige ar an 23 Márta 2023 agus faomhadh tuilleadh nuashonruithe ag an gcruiinníú a bhí aige ar an 8 Meitheamh 2023. Cuireadh uasdátú ar an dul chun cinn ar fáil don Bhord ag an gcruiinníú a bhí aige ar an 20 Iúil 2023. Thug an Bord faoi athbhreithniú lár téarma ar sholáthar Breisoideachais agus Oiliúna cuireadh an buiséad gaolmhar i gcrích ag an mBord ag an gcruiinníú a bhí aige ar an 14 Meán Fómhair 2023. D'fhaomh an Bord leithdháileadh deireadh, lena n-áirítear faomhadh an bhuiséid fhorliontaigh, ag an gcruiinníú a bhí aige ar an 16 Samhain 2023 agus an 14 Nollaig 2023 faoi seach.

Ag an gcruiinníú a bhí aige ar 23 Márta 2023, d'fhaomh an buiséad caipitil foriomlán don bláthain 2023 agus nuashonruithe ar chaiteachas beartaithe curtha ar fáil agus faofa ag cruinnithe an Bhoird ina dhiaidh sin le linn na bliana.


Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm dá réir chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais SOLAS léargas cothrom fíor ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais SOLAS amhail an 31 Nollaig, 2023.

## > Struchtúr an Bhoird

Tá cathaoirleach agus 12 ghnáthchomhalta ar an mBord agus ceaptar iad ag an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Ag túis na bliana 2023, bhí ceithre fholúntas ar an mBord. Ar an 1 Meitheamh 2023, cheap an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, Simon Harris, TD Sheila Gallagher agus Niall O'Donnellan ar an mBord. Bhí dhá fholúntas fágtha ag deireadh na bliana 2023. Tá an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta ag obair leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí chun na folúntais reatha a lónadh agus táthar ag síul go dtabharfar an próiseas sin chun críche ag túis 2024.

Is comhalta de *bhrí oifige* den Bhord é Príomhoifigeach Feidhmíúcháin SOLAS. Is é leis an gCód Cleachtais chun Rialachas Bord Stáit a Rialú agus alt 10(8) den Acht FET, 2013 a chinntear fad tionachta gach comhalta Boird.



**Sa tábla thíos, tugtar eolas faoi na Comhalta Boird sa bhliain 2023 agus faoin dáta ar ar ceapadh iad/dáta dheireadh a dtréimhse oifige:**

Ball Boird	Ról	Dáta a C(h)eadapachán
Seán Aylward	Cathaoirleach	13.11.19
Orla Coughlan	Gnáthbhall	25.03.19
Paul Cremmins	Gnáthbhall	25.03.19
Sheila Gallagher	Gnáthbhall	01.06.23
Kevin Marshall	Gnáthbhall	06.07.22
Yvonne McNulty	Gnáthbhall	01.07.19
Niall O'Donnellan	Gnáthbhall	01.06.23
Niamh O'Reilly	Gnáthbhall	25.03.19
Siobhán O'Shea	Gnáthbhall	06.07.22
Catrina Sheridan	Gnáthbhall	27.10.17 go 26.10.22. Athcheapadh í don dara téarma ar an 27.10.22
Andrew Brownlee	POF Comhalta de bhrí Oifige	02.09.19
(Folúntas)		
(Folúntas)		

Cuireann Alt 4.6 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtai Stáit, 2016 ceangal ar an mBord tabhairt faoi Athbhreithniú Blantúil ar a fheidhmíocht agus dul faoi mheastóireacht sheachtrach gach trí bliana ar a laghad. Rinneadh meastóireacht sheachtrach ar an mBord in 2022 agus bhreithníodh an Bord na toorthai ag cruinniú tiomnaithe ar 22 Bealtaine 2022.

### **Cothromáiocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú**

Amhail an 31 Nollaig 2023, bhí seisear mná (55%) agus cúigear fir (45%) mar chomhaltaí, agus dhá fholúntas ann. Baineann an Bord cuspóir an rialtais amach, dá bhrí sin maidir le hionadaíocht 40% ar a laghad de gach inscne mar bhallaíochta na mBord Stáit.

#### **Tá trí Choiste ar an mBord:**

##### **1. Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca**

Tá triúr ball foirne mar chuid den Choiste chomh maith le comhalta neamhspleách amháin. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ná

tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí maidir le saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus dearbhú bainteach le seo. Tá an Coiste neamhspleách ó bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Co háirithe, cinntíonn sé go ndéantar monatóireacht go gníomhach agus go neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Cuireann an Coiste tuairisc faoi bhráid an Bhoird tar éis gach cruinntithe agus go foirméálta i scrióbhinn go blantúil.

Seo iad baill an Choiste:

- Niamh O'Reilly – Cathaoirleach an Choiste
- Sheila Gallagher (ón 20 Lúil 2023)
- Siobhán O'Shea (ón 24 Samhain 2022 go dtí mí na Samhna 2023)
- Catrina Sheridan
- Peter Buckley - Comhlacht Neamhspleách (athcheapadh é ar an 1 Deireadh Fómhair 2023).

## Athruithe le linn 2023

- Bhí Siobhán O'Shea mar chomhalta den Choiste um Iniuchoireacht agus Riosca ó mhí na Samhna 2022 go dtí mí na Samhna 2023 sular fhág sí chun páirt a ghlacadh ar an gCoiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraiochtúil.
- Ceapadh Sheila Gallagher ar an gCoiste um Iniuchoireacht agus Riosca ón 20 Iúil 2023.
- Sean Aylward – Cathaoirleach Bhord SOLAS. Bhí sé ag dhá chruiinní den Choiste um Iniuchoireacht agus Riosca ar an 30 Eanáir 2023 agus 27 Feabhra 2023.

Tionóladh cúig (5) chruiinní den Choiste Iniuchoireachta agus Riosca le linn na bliana 2023.

### 2. An Coiste um Pleanáil Straitéiseach

Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste. Is é ról an Choiste um Pleanáil Straitéiseach ná béim straitéiseach a choimeád ar Straitéis SOLAS um FET agus Plean Corparáideach SOLAS maidir le feidhmiú fheidhmeanna na heagraiochta agus riadaradh a ghnó. Soláthraíonn an Coiste maoirseacht ar chur i bhfeidhm agus ar fhorbairt Phlean Corparáideach SOLAS i gcomhthéacs na Straitéis FET agus freagrachtaí eile SOLAS.

Seo iad baill an Choiste:

- Kevin Marshall - Cathaoirleach
- Paul Cremmins
- Niall O'Donnellan – (ón 20 Iúil 2023).

### 3. An Coiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraiochtúil

Tá triúr comhaltaí Boird ar an gCoiste. Is é ról an Choiste comhairle agus athdhearbhú a thabhairt don Bhord ar gach ábhar a bhaineann le forbairt an fhórsa saothair agus forbairt eagraiochtúil, lena n-áirítear réimsí a bhaineann le hacmhainní daonna, luach saothair san áireamh, chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar an bhfórsa saothair mar aon le pleanáil agus forbairt foirne; forbairt eagraiochtúil; comhionannas agus éagsúlacht, lena n-áirítear straitéis, beartas agus

monatóireacht laistigh den eagraiocht. Is iad baill an Choiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraiochtúil ná:

- Orla Coughlan - Cathaoirleach
- Catrina Sheridan – (go dtí an 27 Aibreán, 2023)
- Yvonne McNulty – (ón 14 Meán Fómhair 2023)
- Siobhán O'Shea – (ón 16 Samhain, 2023).

Tionóladh dhá (2) chruiinní den Choiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraiochtúil le linn na bliana 2023.

## Athruithe le linn na bliana 2023

Ghlac Siobhán O'Shea páirt sa Choiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraiochtúil ón 16 Samhain, 2023 (agus bhí sí mar chomhalta den Choiste um Iniuchoireacht agus Riosca roimhe sin ó mhí na Samhna 2022 go mí na Samhna 2023).

Bhí Catrina Sheridan mar chomhalta den Choiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraiochtúil go dtí an 27 Aibreán 2023.

### Sceideal Tinrimh, Táillí, agus Costais


Leagtar amach i leataobh Sceideal Tinrimh maidir le cruinnithe Boird agus Coiste le linn na bliana 2023, lena n-áirítear na costais a fuair gach comhalta.

De réir ceangaltais Alt 1.4(iv) den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú - Ceanglais Ghnó agus Thuairisciú Airgeadais 2016, nochtar costais arna n-íoc leis an mBord sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi seo.

Le héifeacht ón 1 Samhain 2022 agus i gcomhréir le hAlt 13 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 agus Alt 2 den larscríbhinn Luach Saothair agus Aoisliúntais den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, iocatar Táillí Boird le Bord SOLAS. Tá feidhm ag an bpriónsalab Duine Amháin, Tuarastal Amháin a chiallaíonn nach féidir táillí boird a íoc le fostaithe sa tseirbhís phoiblí agus san earnáil phoiblí a shuionn ar bhoird stáit.

Chruinnigh an Bord faoi naoi sa bhliain 2023 (ocht ngnáth-chruinní agus cruinní Straitéis Boird).

Líon na gcruinntithe a sceidealadh/ a ndearnadh freastal orthu	Bord	An dáta ar ar ceapadh na Comhaltaí Boird	Coiste um Iniúchóireacht & Riosca	An Coiste um Pleanáil Straitéiseach	An Coiste um Lucht Oibre agus um Fhorbairt Eagraíochtaíil	Táillí na bliana 2023*	Costais a bliana 2023 €
<b>Líon na gcruinntithe a tionóladh le linn na bliana 2023</b>	<b>9</b>		<b>5</b>	<b>4</b>	<b>2</b>		
<b>AYLWARD, Seán</b>	9/9	13.11.19	2/2	-	-	20,520	0
<b>COUGHLAN, Orla</b>	9/9	25.03.19	-	-	2/2	11,970	4,062
<b>CREMMINS, Paul</b>	9/9	25.03.19	-	4/4	-	11,970	2,129
<b>GALLAGHER, Sheila</b>	6/6	01.06.23	2/2	-	-	5,985	0
<b>MARSHALL, Kevin</b>	9/9	06.07.22	-	4/4	-	11,970	0
<b>MCNULTY, Yvonne</b>	9/9	01.07.19	-	-	1/1	11,970	0
<b>O'DONNELLAN, Niall</b>	6/6	01.06.23	-	3/3	-	5,985	0
<b>O'REILLY, Niamh</b>	8/9	25.03.19	4/5	-	-	0	0
<b>O'SHEA, Siobhan</b>	9/9	06.07.22	4/4	-	1/1	11,970	179
<b>SHERIDAN, Catrina</b>	9/9	27.10.17 (Tháinig deireadh leis an tréimhse oifige ar an 26.10.22. Athcheapadh í don dara téarma ar an 27.10.22)	5/5	-	1/1	11,970	0
<b>BROWNLEE, Andrew</b>	9/9	02.09.19	-	4/4	-	0	0
<b>Iomlán</b>						<b>104,310</b>	<b>6,370</b>



## Nochtuithe atá Éigeantach faoin gCód Cleachtais um Comhlacthaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as cinntiú gur chomhlíon SOLAS – an tÚdarás Breisoideachais agus Oiliúna ceanglais an Chóid Chleachtais um Chomhlacthaí Stáit a Rialú (“an Cód”), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Soláthair PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá na nochtuithe seo a leanas éigeantach faoin gCód:

### Costais Sainchomhairleoireachta

Tagann comhairle sheachtrach don lucht bainistíochta faoi scáth costas comhairleoireachta chomh maith le feidhmeanna “gnó mar is gnáth” a chuirtear amach ar conradh. Muirearaíodh na costais chomhairleoireachta seo a leanas i leith forchostas:

	<b>2023</b> €	<b>2022</b> €
Dlíthiúil (comhairle dhlíthiúil ghinearálta)	507,681	362,959
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	13,161	11,931
Acmhainní Daonna agus Pinsean	9,902	19,970
Forbairt Ghnó/TFC	202,854	229,313
Deontais Eile*	78,264	117,744
<b>Costais Chomhairleoireachta Iomlána</b>	<b>811,862</b>	<b>741,917</b>
<i>Costais chomhairleoireachta muirearaithe i leith loncaim agus i leith Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe</i>	<i>811,862</i>	<i>741,917</i>

Muirearaíodh na costais chomhairleoireachta seo a leanas i leith chostais dhíreacha an chlár le linn na bliana 2023:

	<b>2023</b> €	<b>2022</b> €
Dlíthiúil (comhairle dhlíthiúil ghinearálta)	0	91,107
Comhairle Airgeadais/Achtúireach	0	0
Acmhainní Daonna	0	0
Forbairt Ghnó/TFC	59,348	65,741
Deontais Eile*	11,938	7,795
<b>Costais Chomhairleoireachta Iomlána</b>	<b>71,286</b>	<b>164,643</b>
<i>Costais chomhairleoireachta muirearaithe i leith loncaim agus i leith Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coinnithe</i>	<i>71,286</i>	<i>164,643</i>

## Costais Dlí agus Socruithe

Tugann an tábla seo a leanas miondealú ar na méideanna a aithnítear mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe maidir le costais dlí, imeachtaí idir-réitigh agus eadrána, agus socraíochtaí a bhaineann le conartháí le tríú páirtithe. Ní áirítear le seo caiteachas tabhaithe i dtaca le comhairle dhlíthiúil ghinearálta a tugadh do SOLAS, comhairle a ndéantar í a nochtadh thuas i measc na gcostas comhairleoireachta.

	<b>2023</b> €	<b>2022</b> €
Táillí dlíthiúla de chuid SOLAS – imeachtaí dlí	15.081	43.113
Táillí dlíthiúla contrapháirtí – imeachtaí dlí	0	0
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	0	0
Socraíochtaí	30.000	0
<b>Iomlán</b>	<b>45,081</b>	<b>43,113</b>

## Taisteal agus Costais Chothaithe

Rangaítear caiteachas ar thaisteal agus ar chothú mar seo a leanas:

	<b>2023</b> €	<b>2022</b> €
<b>Intíre</b>		
– Bord*	6.370	6.491
– Fostaithe •	252.940	163.760
<b>Idirnáisiúnta</b>		
– Fostaithe◊	14.001	7.660
<b>Iomlán</b>	<b>273,311</b>	<b>177,911</b>

\* Taisteal intíre agus costais chothaithe €6.370 a íocadh díreach le comhaltaí Boird sa bhliain 2023. (2022: €3.615 a íocadh go díreach le comhaltaí Boird agus €2.876 a íocadh thar ceann chomhaltaí Boird).

• Taisteal intíre agus cothabháil a íocadh go díreach le baill foirne sa bhliain 2023 agus sa bhliain 2022.

◊ Taisteal agus cothabháil dar luach €12.089 a íocadh go díreach leis an bhfoireann sa bhliain 2023 (2022: €4.963) agus €5.495 a d'ioc SOLAS thar ceann na foirne (2022: €2.694), cúiteamh €3.583 a aisíocadh chuig SOLAS ó Tríú Páirtithe (2022: Náid).

## Caiteachais Fáilteachais


Mar chuid den Chuntas loncaim agus Caiteachais tá an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	<b>2023</b> €	<b>2022</b> €
Fáilteachas/ Folláine Foirne	28.470	41.577
Fáilteachas maidir le Claint	43.245	36.624
<b>Iomlán</b>	<b>71,715</b>	<b>78,201</b>

## Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá ceanglais an Chóid Chleachtais um Chomhlachtáí Stáit a Rialú ("an Cód") á gcomhlíonadh go hiomlán ag SOLAS, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Soláthair PFN agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.


Sínithe ag:




Seán Aylward  
Cathaoirleach, SOLAS  
Dáta: 28 Bealtaine 2024



Andrew Brownlee  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS  
Dáta: 28 Bealtaine 2024






## > Ráitis Airgeadais SOLAS 2023

I measc ár mbuaicphointí Airgeadais sa bhliain 2023, tá deontais Neamhchaipítí a eisíocatar le BOOanna dar luach €925.276m agus Deontas Chaipítíl dar luach €52.946m. Eisíocadh €20.956m le soláthraithe Breisoideachais agus Oiliúna eile, €1.556m le Fostóirí faoin Scéim Dreasachta Printiseachta, 5.351m faoin Deontas Fostóra Printiseachta agus 48k faoi Dheontas Sparánachta na hOifige Náisiúnta Printiseachta.


Lean an fhoireann Airgeadais le seirbhísí airgeadais, bainistíochta cuntasaiochta agus soláthair a sholáthar go pras do SOLAS de réir reachtaíochta agus dea-chleachtas. Tá SOLAS ainmnithe mar Chomhlacht Idirmheánach do chláir oirbríochta Chiste Sóisialta na hEorpa (ESF).

Soláthraíonn Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) comhmhaoiniú do réimse de chláir FET amhail Litearthacht d'Aosaigh, Oiliúint i Sainscileanna, Nasc-Chúrsaí, Socrúchán Oibre agus Ógtheaghmháil.

Tá comhmhaoiniú CSE ag cur go mór leis na cláir Breisoideachais agus Oiliúna atá luate thua in Éirinn. Tá €26.5m ar an meán in aghaidh na bliana ar fáil le linn an Chláir seacht mbliana um Fhostaiocht, Ionchuimsiú, Scileanna agus Oiliúint (EIST) a ritheann ó 2021 go 2027.



# Ráitis Airgeadais



# Ráiteas faoi Fhreagrachtaí de chuid SOLAS

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, bunaíodh An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS) le héifeacht ó 27 Deireadh Fómhair, 2013.

Faoin Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, tá feidhmeanna ginearálta de chuid SOLAS sainithe mar seo a leanas:

- (a) (a) an tAire a ullmhú agus ábhair a chur faoina b(h)ráidstraitéis maidir le breisoideachais agus oiliúint a sholáthar;
- (b) meas an phobail ar an bhfiúntas a bhaineann le breisoideachas agus oiliúint a neartú;
- (c) dul i gcomhairle leis an Aire Coimirce Sóisialai, leis an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus le fostóirí ó am go ham ar mhaithe le cinneadh a dhéanamh maidir le cén clár bhreisoideachais agus oiliúna nó cén aicmí de na cláir bhreisoideachais agus oiliúna gur cheart don tSeirbhís airgead a thabhairt ar airleacan dóibh;
- (d) réamhíocaíocht a dhéanamh ar airgead leis BOOnna agus comhlachtaí eile atá i mbun clár FET a sholáthar;
- (e) oiliúint agus athoiliúint le haghaidh fostáiochta a sholáthar, nó socrú a dhéanamh chun an oiliúint sin a sholáthar agus cabhrú is comhordú a dhéanamh ar oiliúint den sórt sin a sholáthar trí bhíthin daoine nach den tSeirbhís iad;
- (f) measúnú a dhéanamh ar BOOnna agus comhlachtaí eile atá i mbun clár FET a sholáthar, agus a bhfuil airgead tugtha ar airleacan dóibh, le fáil amach an dtéann nó nach dtéann siad i mbun an chúram sin ar bhealach eacnamúil, éifeachtúil agus éifeachtach.
- (g) cur chun cinn, spreagadh, agus éascaiocht a dhéanamh ar shocrúchán daoine de cibé aicme nó aicmí daoine a d'fhéadfadh a bheith luate go sonrach ag an Aire Coimirce

Sóisialai tar éis dó/di dul i gcomhairle leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíocht, i gcomhthéacs chlár bhreisoideachais agus clár oiliúna a mhaonítéar, go hiomlán nó go páirteach, as airgead poiblí;

- (h) comhoibriú a chothú idir BOOnna agus comhlachtaí eile atá i mbun chlár bhreisoideachais agus oiliúna a sholáthar;
- (i) comhionannas deiseanna a chur chun cinn i dtaca le breisoideachas agus oiliúint a sholáthar;
- (j) clár bhreisoideachais agus oiliúna nua agus clár atá ann cheana a fhorbairt agus a éascú, lena n-áirítear córais a bhunú atá deartha chun monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeán an oideachais agus na hoiliúna atá i gceist lena chinntí go bhfuil na cláir sin oriúnach dá bhfeidhm;
- (k) oiliúint a chur ar fáil, nó cabhrú le hoiliúint a chur ar fáil, oiliúint do dhaoine a bhfuil sé de chúram orthu clár bhreisoideachais agus oiliúna a sheachadadh a bhfuil airgead faighte ón tSeirbhís acu ina leith;
- (l) taighde a dhéanamh, nó a fhéachaint chuige go ndéanfar taighde maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhise; agus
- (m) comhairle a thabhairt don Aire maidir le haon ábhar a bhaineann le feidhmeanna na Seirbhise.

Ceanglaitear ar SOLAS faoi alt 31(1) den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013, cuntas bhliantúla a ullmhú, de réir mar a cheadóidh an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíocha, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Soláthair PFN agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, tá sé de dhualgas ar SOLAS:

- beartais chuntasáiochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin chuntasáiochta a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh SOLAS i mbun gnó, agus
- aon athrú ar chaighdeáin chuntasáiochta infheidhme a noctadadh agus míniú a thabhairt orthu


Tá SOLAS freagrach as taifid chuntasáiochta fhóntha a choinneáil a noctann, le cruinneas réasúnta ag aon am faoi leith, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais mír 31(1) den Acht. Tá SOLAS freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus dá réir sin as bearta réasúnta a chur i bhfeidhm chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a thabhairt faoi deara.

Chloígh SOLAS leis na ceanglais thuasluaithe agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.

D'fhaomh SOLAS na ráitis airgeadais ar an 25 Aibreán, 2024.



Seán Aylward  
Cathaoirleach, SOLAS  
Dáta: 28 Bealtaine 2024



Andrew Brownlee  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS  
Dáta: 28 Bealtaine 2024

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas



## Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtas

### An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (SOLAS)

#### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais SOLAS don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig 2023 mar atá riachtanach faoi fhórálacha chuid 31 den Acht um Breisoideachas agus Oiliúint, 2013. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgeadais
- an ráiteas ar athruithe ar an gcontas capítíl agus cúnchistí, agus
- na nótáí bainteacha, lena n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasáiochta

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais SOLAS ar an 31 Nollaig 2023 agus ar a ioncam agus caiteachas le haghaidh 2023 de réir Caighdeán Tuarascála Airgeadais (FRS) 102 - *The Financial Reporting Standard applicable in the UK and the Republic of Ireland*.

#### Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasphoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeán sin san agusín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar SOLAS agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

#### Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir SOLAS faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear léi sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas ar rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird, agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san agusín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl aon rud agam le tuairisciú maidir leis sin.

Seamus McCarthy  
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Bealtaine 2024

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil

### Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Leagtar amach sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil na gComhaltaí Boird freagrachtaí na gcomhaltaí Boird, lena n-áirítear

- na ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha amach faoi alt 31 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013
- a chinntí go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntí
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbháinn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuairisci ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaitear orm faoi alt 31 den Acht Breisoideachais agus Oiliúna 2013 iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh fúthu le Tithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairisci ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithíte is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraitheoirí míthuairisci ábhartha nuair atá siad ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna. D'fhéadfadh míthuairisci teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhionlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanfadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipeachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithe agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúchóireachta ar leor agus ar ionchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitheoirí míthuairisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhfeadfadh claoipháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisneis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaoise.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá ionchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochta lena mbaineann.

- Cinnim ar oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáiocht agus, bunaithe ar fhianaise iniúchóireachta a fuarthas, an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil maidir le himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas SOLAS leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantaigh. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúid bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh le himeachtaí amach anseo deireadh a chur le SOLAS a bheith mar ghnóthas leantaigh.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochadh, agus cibé an léiritear nó nach léiritear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an elas faoi, i measc cúrsáile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus tortaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaí uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasáiochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- nach raibh na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

### Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaitear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithíte in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an elas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlacthaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscim má tá cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscim má tá cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialafonn iad.

# Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 2023

## > Raon Freagrachta

Thar ceann Bhord na Seirbhise Oideachais Leanúnaigh Agus Scileanna (SOLAS), glacaíomh lenár bhfreagracht as dea-rialachas, i gcomhréir le ceanglais an Chóid Chleachtais um Comhlacthaí Stáit a Rialú 2016 agus as a chinntí go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach i bhfeidhm agus go ndéantar cothabháil air. Agus é i mbun a chuid feidhmeanna a chomhlionadh, tá an Bord tar éis leibhéal údarás atá sainithe go soiléir a fhágaint faoi Fheidhmeannas SOLAS agus faoi mbaill foirne fad is atá cinntí a bhaineann le nithe áirithe fágtha aige faoina mbreithiúnas féin.

## > Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal inglelactha seachas fail réidh leis go huile agus hiomlán agus mar sin ní féidir leis ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go gcuirtear cosc ar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí, nó go ndéanfaí iad a thabhairt faoi deara go pras. Le go bhfeidhmeoidh an córas i gceart caithfidh an bhainistíocht líne, an Feidhmeannas agus na feidhmeanna airgeadais, soláthair agus Acmhainní Daonna rialú dochta a chur i bhfeidhm agus aon teip rialaithe suntasach a thuairisciú don Bhord.

## > Cumas chun Priacal a Láimhseáil

Bhí Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) SOLAS comhdhéanta de thriúr comhaltaí Boird agus saineolai seachtrach amháin ó Eanáir go lúil 2023. I ndiaidh cheapachán comhalta Boird eile ar an gCoiste um Iniúchóireachta agus Riosca i mí lúil 2023, bhí an Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca comhdhéanta de cheathrar comhaltaí Boird agus saineolai seachtrach amháin. I mí na Samhna 2023, bhog comhalta Boird amháin

ón gCoiste um Iniúchóireachta agus Riosca go fochoiste Boird eile, agus bhí ballraíocht de thriúr comhaltaí Boird agus saineolai seachtrach amháin den chuid eile den bhliain mar thoradh air sin. Ina theannta sin, d'fheastaí Cathaoirleach an Bhoird ar chruinnithe an Choiste um Iniúchóireachta agus Riosca i mí Eanáir agus mí Feabhra 2023, chun leanúnachas a chinntí le linn athrú comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a thosaigh ag deireadh na bliana 2022. Chruinnigh an Coiste um Iniúchóireachta agus Riosca faoi chúig sa bhliain 2023.

Oibríonn an fheidhm Iniúchta Inmheánaigh i SOLAS de réir na bPrionsabal Iniúchóireachta Inmheánaí mar a leagtar amach iad sa Chód Cleachtais um Chomhlacthaí Stáit a Rialú 2016. Tá obair an Iniúchta Inmheánaigh bunaithe ar phróifil analíse riosca ar chaiteachas agus ar ghníomhaíocht; cuspóirí straitéisearcha; cumhdach iniúchta atá timhrialach; agus tortaí na n-iniúchtaí a rinneadh roimhe. Tá an obair seo thírithe go ginearálta ar na réimsí is mó seans riosca a bheith ann don eagraíocht.

D'fhaomh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Plean Iniúchta Inmheánaigh na bliana 2023, thar ceann an Bhoird. Le linn na bliana 2023, eisiodh 12 Thuarascáil Iniúchóireachta Inmheánaí, ag clúdach na réimsí Scileanna le Dul Ar Aghaidh, Scileanna le dul san lomaíocht, bainistíocht leocheileachta, freagraí riosca ar Covid-19, eagraiochtaí deontaschúnta, próisis cinnteoiríreachta maoilíthe, cur i bhfeidhm straitéis Breisoideachais agus Oiliúna, Printiseacht, straitéis FT, rialachas agus aistriú digiteach, measúnú ar dheontais caipítil, comhlíonadh leis an gCód Cleachtais um Comhlacthaí Stáit a Rialú agus cur i bhfeidhm moltaí iniúchóireachta inmheánaí roimhe seo a fhiosrú.

Buaileann an ARC le Ceann an Iniúchta Inmheánaigh ar bhonn rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar obair an iniúchta inmheánaigh, lena n-áirítear tuarascáil ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh. Ar bhonn bliantúil, cuireann an ARC tuarascáil ar fáil don Bhord ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh na bliana.

Tá comhaontú i bhfeidhm idir an ARC agus an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaigh (IAU) de na BOOanna maidir le hionchur SOLAS i bp lean

iniúchta an IAU. Faigheann SOLAS tuarascálacha tuairimíochta iniúchta agus tuarascálacha earnála ón IAU freisin maidir le athbhreithnithe a rinneadh ar chaiteachas ar FET.

## > Creat um Rialú agus um Riosca

Déanann Foireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin SOLAS, a bhfuil gach Stiúrthóir Feidhmiúcháin i measc a comhaltaí, agus a bhfuil an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ina chathaoirleach air, na próisis bhainistíochta riosca laistigh de SOLAS a chur chun cinn, a stiúradh agus déanann sé monatóireacht orthu. Chun cabhrú leis an bpróiseas seo, d'ainmnigh SOLAS Stiúrthóir agus freagracht orthu as Cosaint Riosca agus Sonrai, agus cheap sé Bainisteoir, Cosaint Riosca agus Sonrai. Tacaíonn siad leis an bhFoireann Ceannaireachta Feidhmiúcháin le tuarascálacha don Choiste um Iníúchóireacht agus Riosca a chur le chéile agus a ullmhú. Cuir an Bord agus an Coiste um Iníúchóireacht agus um Riosca maoirseacht neamhspleáach ar fáil chomh maith le measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht SOLAS ó thaobh bhainistiú riosca de.

Tá próiseas ofígiúil curtha ar bun d'fheann rioscaí gnó a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú agus mar chuid de seo tá:

- rioscaí a shainaithint agus cén cineál riosca atá i gceist a léiriú
- tuar a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh a leithéid arís
- aird a tharraingt ar na himpleachtaí airgeadais agus impleachta eile
- na rialuithe agus factóirí maolaitheacha
- clár Rioscaí Rannáin agus Corparáideacha a chothabháil
- plean chun rioscaí sainaitheanta a bhainistiú
- monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas agus é a thuairisciú
- déanann an bhainistíocht rioscaí a athbhreithniú ar bhonn leanúnach agus ar bhonn ofígiúil ag an ARC dhá uair sa bliain ar a laghad

- tá príomhrioscaí na n-aonad gnó ailínithe leis na pleannanna gnó bliantúla.

## > Monatóireacht ar bhonn leanúnach agus Athbhreithniú

Tá An Bord tar éis bearta a chur i gcrích chun a chinntíú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- freagrachtaí bainistíochta agus údarás a shonrú go soiléir agus cáipéisíocht a dhéanamh mar fhianaise fúthu
- a chinntíú gur ríleir do lucht bainistíochta an slabhra ceannais ó thaobh freagrachta de
- nósanna imeachta foirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coiste éagsúla chun faireachán a dhéanamh ar ghniomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint
- nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus a chinntíú go ndéantar beart ceartaitheach cui
- cultúr láidir de chuntasacht a fhorbairt ar gach leibhéal den eagraíocht
- Cód Cleachtais um Chomhlachtaí Stáit a Rialú a ghlacadh chugainn fein agus cloí leis
- athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an Bhoird
- a chinntíú go bhfuil Coiste Iníúchóireachta agus Riosca atá gníomhach mar chuid den timpeallacht rialaithe, chomh maith le feidhm Iníúchóireachta Inmheánaigh, tuarascálacha rialta an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin don Bhoird agus go gcuirfi faoi bhráid an Bhoird tortháí gníomhaíochta agus airgeadais - an mhí reatha agus an bliain go dtí seo ag gach cruiinniú.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat bainistithe faisnéise, beartas agus nósanna imeachta roinnte ar bhonn rialta lena n-áirítear dualgais a scaradh, agus córas cuntasachta ina bhfágtaí freagrachtaí faoi dhaoine áirithe Go háirithe i measc seo tá:

- príomhrioscaí a aithint agus rialuithe bainteach leo a chur i bhfeidhm chomh maith le monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an oibríocht i gcás ina dtuairiscítear aon easnaimh aitheanta do Choiste Feidhmiúcháin um Riosca a Bhainistiú de chuid SOLAS agus don ARC.
- córas buiséadaithe cuimsitheach a chur ar bun agus buiséad bliantúil lena chois, buiséad a ndearna an Bord athbhreithniú air agus gur tháinig siad ar chomhaontú faoi. Mar chuid de seo tá próiseas pleannála gnó atá thar a bheith mionsonraithe
- spriocanna a shocrú chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a mheas
- athbhreithnithe ag an mBord ar Thuarascálacha Airgeadais míosúla agus bliantúla a léiríonn gníomhaíocht agus feidhmíocht airgeadais i leith na mbuiséad
- nósanna imeachta soláthair seanbhunaithe faoina ndéantar earráí agus seirbhísí a fháil i gcomhréir le ceanglais soláthair an AE agus náisiúnta
- go mbeidh aon iarratas ar thaisteal thar lear faoi réir formheas ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin
- nósanna imeachta chun infheistiocht chaipítil a rialú atá de réir na dTreoirlínte um Thograí Caiteachais Chaipítil a Mheasúnú agus a Bhainistiú, arna eisiúint ag an Roinn Airgeadais
- Téarmaí agus coinníollacha maoinithe i bhfeidhm do gach Bord Oideachais agus Oiliúna, cáipéis maidir le paraímeádair a dhéanamh a leagann amach an próiseas pleannála gnó lena n-áirítear cuspóirí do gach bliain agus pleann seirbhísé gnó cuimsitheach a ndéantar athbhreithniú air dhá uair sa bhliain
- Tá Comhaontuithe um Fheidhmíocht Straitéiseach idir SOLAS agus na BOOnna i bhfeidhm don tréimhse 2023-2024.

## > Soláthair

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm againn chun a chinntíú go gcomhlíontar na rialacha agus na treoirínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Tá SOLAS go hiomlán comhlíontach maidir le Soláthar.

## > Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Bhóird ar éifeachtacht an Chórás Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar obair na nithe seo a leanas:

- Stiúrthóirí Feidhmeannacha/Stiúrthóirí Bainisteoirí laistigh de SOLAS, atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a forbairt agus cothabháil a dhéanamh air
- Ceannasaí Iniúchóireachta Inmheánaigh
- an ARC, a dhéanann maoiriú ar obair an Iniúchóireachta Inmheánaigh agus a dhéanann athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánach
- na ráitis curtha amach ag Oifig an Aird-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile; agus
- rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht rialaithe a mheas faoin gCreat um Rialú Inmheánach ar an 25 Aibreán, 2024. Dhirigh an t-athbhreithniú seo ar thorthaí an iniúchta inmheánaigh, ar an gClár Rialachais Chorparáidigh agus ar dhiúscairt sócmhainní seasta.

## > Fadhbanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh aon sárú ábhartha ar rialú inmheánach, cailleannais ábhartha nó calaoisí i gcaitheamh na bliana.

Sínithe ag:

Seán Aylward

Cathaoirleach, SOLAS

Dáta: 28 Bealtaine 2024

# SOLAS

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2023


	Nóta	2023	2022
		€'000	€'000
<b>Ioncam</b>	2	<b>1,072,208</b>	<b>976,610</b>
<b>Caiteachas</b>			
Costais Phárolla	5	17,591	15,204
Forchostais	5	7,579	6,915
<b>Costais Oibriúcháin SOLAS</b>		<b>25,170</b>	<b>22,119</b>
<b>Costais Shocair Scoir</b>	5	<b>20,670</b>	<b>10,360</b>
<b>Costais na gClár</b>	6	<b>11,878</b>	<b>9,009</b>
Deontais do Bhoird Oideachais agus Oiliúna	7(a)	978,222	893,305
Deontais do MDPSC*	7(b)	4,409	4,210
Deontais d'Eagraíochtaí san Earnáil Bhreisoideachais agus Oiliúna	7(c)	12,557	12,656
Deontais Phrintíseachta d'Fhostóirí agus Eile	7(d)	6,955	10,816
Deontais do Chuibhreannais & Comhlachtaí Comhordúcháin	7(e)	3,128	2,811
Deontais maidir le LAS ~ Straitéis	7(f)	862	0
<b>Deontais san Iomlán</b>		<b>1,006,133</b>	<b>923,798</b>
<b>Caiteachas Iomlán</b>		<b>1,063,851</b>	<b>965,286</b>
<b>Barrachas don bhliain</b>		<b>8,357</b>	<b>11,324</b>

Tá Nótáí 1 go 19 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

\*Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha

~ Litearthacht d'Aosaigh don Saol

Sínithe ag:



Seán Aylward  
Cathaoirleach, SOLAS  
Dáta: 28 Bealtaine 2024



Andrew Brownlee  
Priomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS  
Dáta: 28 Bealtaine 2024

# SOLAS

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach maidir leis an mbliain dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023	2022
		€'000	€'000
<b>Barrachas don bhliain</b>		<b>8,357</b>	<b>11,324</b>
Gnóchan/(Caillteanas) a bheith i gceist maidir le hoibleagáidí Shochair Scoir		(5,194)	(2,064)
Athruithe ar na toimhdí atá mar bhonn de luach na Dliteanas Sochair Scoir mar atá sé faoi láthair		(24,587)	151,080
<b>Gnóchan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Shochair Scoir</b>	<b>12 (a)(v)</b>	<b>(29,781)</b>	<b>149,016</b>
Coigeartú ar Mhaoiniú Shochair Scoir atá Curtha Siar		29,781	(149,016)
<b>An Barrachas Iomlán Aitheanta don Bhliain</b>		<b>8,357</b>	<b>11,324</b>

Tá Nótai 1 go 19 mar dhlúthchuid de na Raitis Airgeadais seo.

Sínithe ag:



Seán Aylward  
Cathaoirleach, SOLAS  
Dáta: 28 Bealtaine 2024



Andrew Brownlee  
Priomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS  
Dáta: 28 Bealtaine 2024

# SOLAS

## Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023		2022	
		Amhail an 31 Nollaig 2023	€'000	Amhail ar an 31 Nollaig 2022	€'000
<b>Sócmhainní Neamhreatha</b>					
Maoin, Gléasra & Trealamh	8	449		422	
<b>Sócmhainní Reatha</b>					
Infháltais	9	1,292		1,767	
Airgead Tirim		12,502		13,917	
		<b>13,794</b>		<b>15,684</b>	
<b>Dliteantaís a thiocfaidh chun bheith dlite faoi cheann bliana</b>					
Billí Iníochta	10	(3,194)		(3,738)	
<b>Glansócmhainní reatha</b>					
			10,600		11,946
<b>Sócmhainní lomlána Lúide Dliteanais Reatha roimh Oibleagáidí Shocair Scoir a Chur san Áireamh</b>					
Dliteanais Shocair Scoir de chuid SOLAS	12(a)(ii)	(531,570)		(513,930)	
Maoiniú Shocair Scoir atá Curtha Siar	12(a)(ii)	531,570	0	513,930	0
<b>Sócmhainní lomlána</b>		<b>11,049</b>		<b>12,368</b>	
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>					
Cúlchiste Caipitil		449		422	
Cuntas Caipitil		452	901	600	1,022
Cúlchiste loncaim			10,148		11,346
			<b>11,049</b>		<b>12,368</b>

Tá Nótáí 1 go 19 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Sínithe ag:



Seán Aylward  
Cathaoirleach, SOLAS  
Dáta: 28 Bealtaine 2024



Andrew Brownlee  
Priomhoifigeach Feidhmiúcháin, SOLAS  
Dáta: 28 Bealtaine 2024

# SOLAS

Ráiteas faoi Sreafaí Airgid maidir leis an mbliaín dar críoch an 31 Nollaig 2023

	Nóta	2023	2022
		€'000	€'000
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>			
<b>Barrachas don bhlíain</b>		<b>8,357</b>	<b>11,324</b>
Úis ioctha/(Faichte)		0	84
Aisíocaíocht déanta leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta		(9,555)	(10,417)
<b>Coigeartú ar nithe neamhairgid</b>			
(Méadú)/Laghdú ar Líon na nInfháltas	9	475	(1,007)
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iniochta	10	(544)	2,203
<b>Glan-Insreabhadh (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin</b>		<b>(1,267)</b>	<b>2,187</b>
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a Fháil	8	(253)	(220)
Deontais Chaipitil Faichte	3	53.051	44,296
Deontais Chaipitil le BOOanna	7(a)	(52,946)	(43,896)
Slánú			2
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais</b>			
Úis ioctha/(Faichte)			(84)
<b>Glan-Insreabhadh (Eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta/Airgeadais</b>		<b>(148)</b>	<b>98</b>
<b>Méadú/(Laghdú) ar Airgead i Rith na Blíana</b>			
		<b>(1,415)</b>	<b>2,285</b>
<b>Méid airgid ag túis na Blíana</b>		<b>13,917</b>	<b>11,632</b>
<b>Méid airgid ag deireadh na Blíana</b>		<b>12,502</b>	<b>13,917</b>

Cuirtear an Barrachas in iúl nuair atá an dímheas agus amúchadh ar Dheontas Caipitil curtha san áireamh.

Tá Nótáí 1 go 19 mar dhlúthchuid de na Ráitis Airgeadais seo.

# SOLAS


Ráiteas ar Athruithe ar an gCuntas Caipitil agus Cúlchistí, maidir leis an mbliain dar críoch 31 Nollaig 2023

